

Tuarascáil Bhliantúil 2017



**ombudsman
do leanaí
for children**



Oifig an Ombudsman do Leanáí
Teach na Mílaoise
52-56 Sráid na Trá Mhór
Baile Átha Cliath 1
D01 F5P8

T: 01 865 6800
F: 01 874 7333
E: oco@oco.ie
www.oco.ie
@OCO_ireland

Clár Ábhair

Teachtaireacht ón Ombudsman do Leanaí, An Dochtúir Niall Muldoon	1
Caibidil 1	
Sracfhéachaint ar 2017	7
Caibidil 2	
Oifig an Ombudsman do Leanaí: cé muid féin agus cad a dhéanaimid	11
Caibidil 3	
Gearáin agus Imscrúduithe	15
Tábla 1: Líon na ngearán nua 2017	17
Léarscáil 1: Gearáin de réir contaetha sa bhliain 2017	19
Tábla 2: Cé a chuaigh i dteagmháil linn?	20
Tábla 3: Cad a rinne daoine gearán faoi?	21
Tábla 4: Miondealú ar ghearáin oideachais	22
Tábla 5: Miondealú ar ghearáin tithíochta	35
Caibidil 4	
Ceartha agus leas leanaí á gcur chun cinn	47
Caibidil 5	
Acmhainní agus Cumarsáid	79



OmbudsmanForChildren @OCO_ireland · 11 Sep 2017

Cúpla pictiúr ón seoladh inniu de “Rights in their Eyes” – taispeántas de chuid bhuaiteoirí 63ú Comórtas Ealaíne Texaco do Leanaí #UNCRC25



OmbudsmanForChildren @OCO_ireland · 24 Aug 2017

Daoine óga san ospidéal, tá a dtuairimí a nochtadh ag a dtuismitheoirí agus ag foireann an ospidéil faoi cad a cheapann siad a bhfuil ag éirí go maith leis oco.ie/2017/08/3680/



Temple Street CUH, Temple Street and CMRF Crumlin



Teachtuireacht ón Ombudsman do Leanaí



Dr Niall Muldoon

Ombudsman
do Leanaí

Is deas liom mo Thuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid an Oireachtais don tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017, de bhun Alt 13(7) d'Acht an Ombudsman do Leanaí, 2002.

Is mór an onóir dom post an Ombudsman do Leanaí a shealbhú agus tá de chuspóir agam mo dhualgais a chomhlíonadh ag gach tráth le treallús agus paisean. B'ócáid oiriúnach an Comóradh 25 bliain ó dhaingnigh Éire an CNAACL i Meán Fómhair 2017 chun breithniú a dhéanamh ar éachtaí a baineadh amach le fiche bliain anuas, agus chun measúnú a dhéanamh ar na dúshláin atá roimh leanaí in Éirinn. Thug sé chun solais roinnt príomhlimistéar nach dtugtar an deis do leanaí go fóill chun saol sábháilte, sásúil agus sona a mhaireachtáil.

Go gairid i ndiaidh go ndearnadh an tOmbudsman do Leanaí díom, leag mé dhá sprioc amach don Oifig seo – leanúint le hobair na hOifige chun deireadh a chur le coinneáil leanaí i bpríosúin do dhaoine fásta agus a chinntiú go mbíonn teacht ag leanaí sa chóras Soláthair Dhírigh ar ár nOifig. Is deas liom a lua, in 2017, bronnadh meas agus dínit mhéadaithe ar an dá ghrúpa leanaí an-leochaileacha seo laistigh de chóras an Stáit, ar deireadh thiar.

I ndiaidh breis agus 100 bliain de leanaí a chur i bpríosún, chuir Rialtas na hÉireann deireadh leis an gcleachtas sin in Aibreán 2017 agus anois tugtar gach duine díobh siúd atá faoi 18 mbliana a choimeádtar nó a chiontaítear i leith cion coiriúil chuig Campas Coinneála do Leanaí Bhaile an Oibrígh. Coimeádfar na daoine óga seo i suíomh atá freagrach as tacú lena n-ath-imeascadh isteach sa phobal trí thacaíocht shíceolaíoch, shóisialta agus oideachais a sholáthar.

In Aibreán 2017, 17 mbliana i ndiaidh gur bunaíodh an córas Soláthair Dhírigh, lígeadh don ghrúpa deireanach leanaí nárbh fhéidir leo gearán a dhéanamh leis an Oifig seo faoin gcóras,

amhlaidh a dhéanamh. Inár gcéad bliain dúinn, chasamar le breis agus 170 leanbh agus duine óg in ionaid Soláthair Dhíreach agus chuireamar ar an eolas iad faoina gcuid ceart. Rinne an córas seo difear do chearta na leanaí seo, agus chuir an easpa teachta a bhí acu ar an Oifig seo leis an teip sin. Rinne go leor daoine aonair, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus polaiteoirí dianiarrachtaí chun an t-athrú seo a bhaint amach agus tá de chuspóir m’Oifige seirbhís láidir, dhearfach agus chothrom a sholáthar do gach leanbh agus teaghlach laistigh den chóras Soláthair Dhíreach.

I Nollaig 2017, chuir an Oifig seo tuarascáil i gcrích ar chailín óg, ¹Molly, a bhí faoi mhíchumas trom a bhí i dteach altrama cúraim ar feadh 14 bliana. Léirítear ina cás na dúshláin a chuir a máthair altrama roimpi chun an cúnamh a fháil a theastaigh uaithe chun tabhairt faoin ról ar iarradh uirthi thar ceann an Stáit seo. Tá coimhlint sheasta tugtha faoi deara ag ár nOifig idir FSS agus Tusla, agus níl aon línte soiléire freagrachta ann do chistiú chun freastal ar riachtanais Molly.

Is beag amhras atá orainn gurb ionann droch-chomhoibriú idir FSS agus Tusla agus teip shoiléir chun gníomhú chun sárleasanna an linbh – agus tugtar seo faoi deara ró-mhinic, ar an drochuair. Tugtar chun solais sa chás seo an t-aistear atá fós amach romhainn mar náisiún chun ár ngealladh a chomhlíonadh chun “meas a léiriú ar leanaí uile an náisiúin go cothrom”.

In ainneoin gur síníodh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) in 2007, bhí moilleanna do-ghlactha ar an Rialtas ar a dhaingniú. Cabhróidh daingniú an UNCRPD, tá súil agam, le leanaí ar nós Molly, ach teastaíonn athruithe eile laistigh de na córais a thacaíonn léi agus le daoine eile atá faoina leithéid de chúinsí.

Tá gliondar croí orainn go bhfuil an Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2016 á thabhairt chun cinn ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, ina bhforálfar d’áit scoile a shainiú do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sa chás nár chuir aon scoil áit ar tairiscint. Tá súil agam go gcuirfidh seo níos mó cinnteachta agus dearbhú ar fáil nach bhféadfaí aon leanbh gan oideachas.

Is soiléir ag an bpointe seo, gur beag dul chun cinn atá déanta ag an gclár Atógáil Éireann, nó go bhfuil dul chun cinn ar bith déanta aige chun spriocanna a bhaint amach chun dul i ngleic lenár riachtanais chóiríochta. Táimid ag brath an iomad ar an earnáil phríobháideach chun tithíocht a sholáthar agus tá ag teip ar thithíocht shóisialta dhóthanach a sholáthar. Ábhar náire dúinn go bhfuilimid ag glacadh le cás mar shochoaí ina bhfuil beagnach 10,000 duine i gcóiríocht éigeandála, 3,500 leanbh ina measc.

Teastaíonn bealach nua smaointeoireachta ón Rialtas go práinneach. Is gá don Rialtas stop a chur le tús áite a thabhairt

¹ Athraíodh ainmneacha na leanaí agus na ndaoine óga i ngach sampla de ghearáin chun a neamhainmníocht agus rúndacht a chosaint.

do leasanna airgeadais a chuireann luach ar thithíocht mar thráchtearra, agus tosú le hé a aithint mar rud dearfach sóisialta, a chuireann áit shlán ar fáil do leanaí agus teaghlaigh le cónaí ann augs le maireachtáil ann faoi rath agus le dínit.

Ábhar buartha dom, chomh maith, an easpa dul chun cinn atá á dhéanamh do leanaí agus daoine óga atá ag fulaingt le saincheisteanna meabhairshláinte. In 2017, chas mé le beirt Airí Meabhairshláinte chun plé a dhéanamh ar mo bhuarthaí. Chuir an Tascfhórsa Meabhairshláinte Náisiúnta Óige, a thuairiscigh ar a chuid oibre i Nollaig 2017, ní ba lú ar fáil ná mar a raibh súil agam leis do leanaí agus daoine óga a bhí ag fulaingt le saincheist i measc an limistéir iomláin saincheisteanna meabhairshláinte.

Ábhar buartha don Oifig seo is ea fadhbanna soláthair foirne in Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS) a chiallaíonn gur minic nach mbíonn leanaí a bhíonn thíos le leibhéal mhéadaitheacha de strus agus imní in ann teacht ar na tacaíochtaí éigeandála a theastaíonn uathu. Is ríthábhachtach go dtéann FSS i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le conarthaí síciatraithe comhairleacha lasmuigh d'uireanta lena chinntiú go mbíonn teacht ag leanaí agus ógánaigh ar na seirbhísí a theastaíonn uathu, nuair a theastaíonn siad uathu.

I mo chur i láthair le Coiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid maidir le meabhairshláinte, mhol mé, arís eile, go bhforbraíonn an Rialtas, mar chuid dá athbhreithniú ar an straitéis Fís d'Athrú, Fís d'Athrú do Leanaí agus Daoine Óga atá tiomnaithe.

In 2017, thosaigh an Oifig seo le comhairliúchán le daoine óga in aonaid shíciatracha othar cónaitheach ar fud na tíre. Lorgaíomar labhairt le daoine óga i ngach ceann de na sé aonad agus táim buíoch den iomaí duine óg a rinne idirchaidreamh linn. Cabhróidh an comhairliúchán seo le tuarascáil a ghiniúint in 2018 a chreidimid a chuirfidh léargas tábhachtach ar fáil don lucht déanta beartas agus do sheirbhísí sláinte ar dhearcthaí daoine óga a bhíonn cur amach acu ar sheirbhísí meabhairshláinte.

In 2017, d'fhoilsíomar tuarascáil a thug deacrachtaí móra chun solais sa bhealach a chaitear le leanaí ar a bhfuil le scolóis. Léirigh seo conas atá ag teip ar an gcóras freastal ar leanaí ag a bhfuil impleachtaí troma dá sláinte. Táim spreagtha ag freagairt an Rialtais bheith tiomanta d'athruithe a dhéanamh sa ghearrthearma agus straitéis fhadtéarmach a fhorbairt chun a leithéid de ghéarchéim a sheachaint amach anseo. Déanfaimid athbhreithniú ar dhul chun cinn ar na gealltanais seo in 2018.


Mar fhreagairt ar an vóta a caitheadh i dtaobh Brexit sa Ríocht Aontaithe, thug an Oifig seo agus Coimisinéir Leanaí agus Daoine Óga Thuaisceart Éireann daoine óga le chéile, ó thuaidh agus ó dheas, nach raibh aon deis acu go n-éistfeadh iad siúd leo ar féidir leo tionchar a imirt in idirbheartaíocht Brexit. I gcomhoibriú suntasach trasteorann, cruthaíodh comhthuarascáil, *Is Linne Brexit Chomh Maith: Cearta Leanaí, Glórtha Leanaí* i ndiaidh comhdhála san Iúir,

i Samhain 2017, agus tá súil againn go gcuirfidh na daoine óga seo í faoi bhráid feisirí parlaiminte in Westminster in 2018, agus feisirí de pharlaimint na hEorpa agus Thascfhórsa Airteagal 50 an AE sa Bhruiséil.

I mBealtaine 2017, d'fhoilsigh an Dr Geoffrey Shannon, an Rapóirtéir Speisialta um Chosaint Leanaí, a iniúchadh ar chumhachtaí Alt 12 a úsáid i measc na nGardaí. Lean seo moladh a rinne mo réamhtheachtaí, Emily Logan, i dtuarascáil ar an mbealach a láimhseáil an Garda Síochána beirt leanaí Romacha a bhaint óna dteaghlai. I gcomhthionscnamh, chomhaontaigh an Dr Shannon agus mé féin gur cheart aghaidh a thabhairt ar roinnt limistéar chun cosaint leanaí a chur chun cinn in Éirinn. D'iarramar ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige chun togra a chur chun cinn d'oibriú comhlonnaithe ag Tusla agus an Garda Síochána maidir le ceisteanna um chosaint leanaí. Táim sásta a thabhairt le fios gur thacaigh na páirtithe go léir seo go gníomhach leis an tionscnamh seo agus d'éascaigh an tAire Zappone cuairteanna ar ionaid chomhlonnaithe i Nua-Eabhrac, Béal Feirste agus Oxford lena thuiscint cad is féidir a bhaint amach nuair a thugtar tús áite do leanaí sa chóras um chosaint leanaí agus sa chóras ceartais choiriúil. Thug na hionaid ar thugamar cuairt orthu nósanna imeachta coiriúla agus torthaí teiripeacha feabhsaithe le fios do leanaí mar thoradh ar an gcur chuige comhoibritheach seo. Tá na hathchóirithe siúd tuillte ag leanaí in Éirinn a luaithe agus is féidir agus tá an-dóchas agam gur féidir an táimhe a chuir moill ar an dul chun cinn seo a shárú.

D'oibrigh an OOL gan staonadh chun tionchar a imirt ar athrú dearfach lena chinntiú go dtugtar tús áite do chearta leanaí i ndlíthe agus beartais laistigh den Stát. In 2017, chuir an Oifig seo go dearfach le roinnt príomhchreataí reachtaíochta, ar nós Scéim Ghinearálta an Bhille um Chosaint Sonraí, 2017, athchóirithe ar an tseirbhís Chaomhnóir ad litem i Scéim Ghinearálta an Bhille um Chúram Leanaí (Arna Leasú), 2017, anuas ar reachtaíocht ar fhoréigean baile, oideachas agus uchtáil i measc limistéir eile. Is deas liom a lua go ndearna an Rialtas príomhathruithe de bhun ár n-aighneachtaí.

Rinneamar idirchaidreamh leis an tseirbhís phoiblí níos fairsinge maidir le líon méadaithe gearán a rinne leanaí, nó a rinneadh thar ceann leanaí, agus d'fhorbraíomar Treoir nua maidir le Gearáin Leanbhlárnacha a Láimhseáil a thabharfaimid isteach in 2018. Is ábhar sásaimh dom gur chabhraigh obair na hOifige seo le cearta leanaí a threisiú in 2017, agus táim go hiomlán tiomanta d'oibriú chun cearta agus leas leanaí agus daoine óga a chosaint amach anseo.





OmbudsmanForChildren @OCO_ireland · 28 Sep 2017

Ag buaileadh le daoine spreagúla a bhfuil smaointe dochreidte acu faoi conas is féidir le hÉirinn feabhas a chur ar Chearta Leanai #ChildrenNowRightsNow



OmbudsmanForChildren @OCO_ireland · 7 Apr 2017

Is iontach gur féidir an Tuarascáil "Young Lives in Ireland" a sheoladh in COC. Taighde láidir dearfach chun cuidiú le cosc a chur ar fhéinmharú i scoileanna #LetsTalk



Caibidil 1

Sracfhéachaint ar 2017

Eanáir

Idirphlé Sibhialta Uile-Oileáin maidir leis an mBretimeacht

Caint ag Comhdháil Rothaíochta i gcoinne Féinmharaithe Luimneach

Cruinniú leis an Aire Míchumais Finian McGrath TD



Feabhra

Caint le Tuismitheoirí i gCumann Cúraim an Iarthair, Caisleán an Bharraigh

Caint ag seoladh de thaighde ar theaghlaigh scartha, Ionad Taighde do Leanaí agus Teaghlaigh UNESCO, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Cruinniú leis an Aire Oideachais Richard Bruton



Márta

Caint ag Comhdháil Feasachta ar Fhéinchochar 2017 Staidiam Aviva

Seoladh de Thuarascáil Oifig an Ombudsman do Leanaí 'Waiting for Scoliosis Treatment: A Children's Rights Issue' (Ag Feitheamh ar Chóireáil Scolóise: Saincheist um Chearta Leanaí ')

Óstáil de chruinniú ó Bhainisteoirí Soláthair Dhírigh ó 30 ionad ag Oifig an Ombudsman do Leanaí

Caint ag Seimineár maidir le Leanaí Scartha in Imeachtaí Breithiúnacha sa Phlás Blackhall

Caint ag Comhdháil Naomh Louise agus Naomh Clár 'Mí-Úsáid Ghnéasach Leanaí i gCibear-Chomhthéacs' ag Páirc an Chrócaigh

Caint ag Comhdháil Idirnáisiúnta arna óstáil ag Scoileanna de chuid Ospidéal na Leanaí

Aibreán

Comhairle na hEorpa: Monatóireacht a dhéanamh ar leanaí a bhaineadh a saoirse díobh mar thoradh ar inimirce i Strasbourg

Comhdháil ENOC i Stócólm Peirspictíocht Chearta a Dhearbhú do Leanaí Imirceacha

Cruinniú de Líonra Ombudsman agus Coimisinéirí do Leanaí na Breataine agus na hÉireann i nDún Éideann

Cruinniú maidir leis an mBille Uchtála (Faisnéis agus Lorgaireacht), 2016



Bealtaine

Caint ag Gradaim Unity Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ag an Helix lena gcuirtear chun cinn rochtain chomhionann ar an 3ú leibhéal

Cruinniú leis an NICCY ar thionchar an Bretimeachta ar leanaí, sa Tuaisceart agus sa Deisceart

Cruinniú leis an Aire Míchumais Helen McEntee

Dámhachtainí na Nuálaithe Sóisialta Óga

Seimineár ar Dheiseanna Oideachais do Leanaí agus Daoine Óga i gCúram


Meitheamh

Freastalaíodh ar an seoladh ag Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, an tUasal Thorbjorn Jagland, An Roinn Gnóthaí Eachtracha

Cruinniú le Rapóirtéir Speisialta maidir le Cosaint Leanaí an Dr Geoffrey Shannon

Cruinniú le Brian MacCraith Uachtarán Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath





Iúil

Seoladh Coiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid ar Sheirbhísí Meabhair-Shláinte do Leanaí

Cruinniú leis an Dr Michaela Davis BASPSCAN Gairmithe Cosanta Leanaí

Caint ag seoladh de 'Joining the Dots' (Nascadh na Poncanna) sna hOispidéil Leanaí

Cruinniú le hArd-Rúnaí na Roinne Sláinte

Lúnasa

I láthair i Scoil Samhraidh Parnell, Cill Mhantáin

Caint ag Imeacht Náisiúnta YAP um 'Daoine Óga Labhair Amach'

Cuairt ar Ionad Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála Mhainistir Eimhín

Cruinniú le Stiúrthóir Cliniciúil ag Aonad CAMHS Linn Dara

Cruinniú pleanála le haghaidh imeacht CNA CL leis an ARK

Meán Fómhair

Cur i láthair chuig Cigireacht an Roinn Oideachais agus Scileanna

Taispeántas Oscailte Acadamh Ibeirneach Ríoga, d'Ealaíon Leanaí ag an 25ú Ceiliúradh den CNA CL

Cuairt ar an Aonad Willows, Ospidéal Muirlinne, Gaillimh agus cruinniú leis an Stiúrthóir Cliniciúil

Tionól le Margaret Tuite, Comhordaitheoir an Choimisiúin Eorpaigh um Chearta an Linbh

Comhdháil ENOC 2017 Heilsincí, an Fhionlainn

Comhdháil chun ceiliúradh a dhéanamh ar an 25ú Comóradh de dhaingniú na hÉireann den CNA CL ag Páirc an Chrócaigh

Cruinniú leis an Aire Katherine Zappone, an Dr Geoffrey Shannon, Tusla, RLGÓ, An Garda Síochána maidir le freagraí a fheabhsú do leanaí a théann mí-úsáid i bhfeidhm orthu

Deireadh Fómhair

Seoladh den chéad Chlár neamhspleách um Abhcóideacht Óige do dhaoine óga in Aonad Ginesa, Ospidéal Naomh Eoin Dé

Freastal ar Chomhdháil Traenála Oifige Idirchaidrimh Ógánaigh i mBaile Átha Luain

Caint ag an ócáid Zeminar sa Staidiam Aviva

Freastal ar an 5ú Lá Náisiúnta d'Fhágóirí Cúraim á réachtáil ag EPIC

Samhain

Caint ag seoladh de Chaighdeán le haghaidh Tacaíochta do Leanaí agus do Dhaoine Óga a bhfuil Daoine Muinteartha leo tar éis Bháis

Freastal ar Fás Suas in Éirinn - Comhdháil Taighde 2017

Caint ag 'Is ár mBreathimeacht é Freisin: Cearta Leanaí, Guthanna Leanaí' Comhdháil Oifige an Ombudsman do Leanaí/ NICCY san Iúr

Labhairt ag imeachtaí Lá na Leanaí Uile i mBaile Átha Cliath


Cruinniú leis an Aire Jim Daly maidir le saincheisteanna meabhairshláinte

Nollaig

14ú Seisiún de Dháil na nÓg leis an Aire Katherine Zappone ag Páirc an Chrócaigh

Seoladh de Thuarascáil Oifige an Ombudsman do Leanaí 'Béim ar Iompar Scoile'

Cuairt ar an Ionad Rowan i mBéal Feirste leis an Aire Katherine Zappone, An Garda Síochána, Tusla, RLGÓ, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Roinn Sláinte





OmbudsmanForChildren @OCO_ireland · 11 Dec 2017

Sárfhreagairt d'fhoilsiú ár dtuarascála 'School Transport in Focus' inniu. Buíochas dóibh siúd a bhí páirteach, go hairithe na teaghlaigh agus na daoine óga a bhí bainteach leis. Bhí an tuarascáil faoi stiúir ár bhfoirne dochreidte de shaineolaithe, Aidan Hunt agus Maria McHenry.



OmbudsmanForChildren @OCO_ireland · 30 May 2017

Caithfidh Plean Gníomhaíochta um Liosta Feithimh Scolóise deireadh a chur le bainistíocht géarchéime agus soláthar a dhéanamh do leanaí oco.ie/2017/05/scolio... #scoliosis



ScolioNetwork, Simon Harris TD and Department of Health

Caibidil 2

**Cé muid féin
agus cad a
dhéanaimid**

Cuireann Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) cearta agus leas leanaí agus daoine óga atá faoi bhun 18 mbliana d'aois atá ina gcónaí in Éirinn chun cinn. Déanaimid iniúchadh ar ghearáin a dhéanann leanaí agus daoine óga nó a dhéantar ar son leanaí agus daoine óga maidir le gníomhaíochtaí comhlachtaí poiblí.

Bunaíodh Oifig an Ombudsman do Leanaí i 2004 faoi dhlí ar a dtugtar an tAcht um Ombudsman do Leanaí 2002 arna leasú i 2012. Le linn 2017 bhí 15 ball foirne lánaimseartha agus 11 conraitheoir neamhspleácha breise inár bhfoirne éagsúla; Gearáin agus Iniúchtaí, Rannpháirtíocht agus Oideachas, Polasaí agus Cumarsáid agus Seirbhísí Corparáideacha.

San obair a dhéanaimid chun cearta agus leas leanaí a chur chun cinn:

- Faighimid amach cad iad na hábhair imní atá ag leanaí agus ag daoine óga. Tarraingimid aird an Rialtais agus aird dóibh siúd a dhéanann cinntí a mbíonn tionchar acu orthu, ar a gcuid tuairimí.
- Soláthraímid faisnéis faoi chearta leanaí agus faoin gcaoi a bhféadtar na cearta sin a urramú, a chosaint agus a bhaint amach.
- Tugaimid comhairle don Rialtas agus do dhaoine eile d'fhonn a chinntiú go mbíonn cearta na leanaí agus na ndaoine óga á n-urramú le dlíthe agus polasaithe a bhaineann le leanaí agus le daoine óga.
- Spreagfaimid comhlachtaí poiblí oibriú ar bhealaí a chuireann cearta leanaí agus daoine óga chun cinn agus a n-urramaíonn iad.
- Déanaimid taighde ionas go bhféadfaimid tuiscint níos fearr a fháil maidir leis na saincheistanna atá tábhachtach i saol na leanaí agus na ndaoine óga.

Agus a bhíonn muid ag féachaint ar ghearáin:

- Féachaimid ar an tionchar a bhíonn ag drochriarachán ar leanbh.
- Déanaimid iarracht tuairimí an linbh ar a dtaithí féin a lorg.
- Déanaimid measúnú ar an gcaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag an taithí seo ar chearta an linbh.
- Déanaimid athbhreithniú neamhchlaonta ar shaincheistanna gan a bheith ag feidhmiú ar leas ceachtar páirtí.
- Déanaimid iarracht an díospóid a réiteach ag an leibhéal agus is ísle is féidir.
- Nuair is gá, déanaimid imscrúduithe, bunaithe ar mheasúnacht neamhchlaonta ar na fíricí agus ar an bhfianaise.

Fís Oifig an Ombudsman do Leanaí

Is mian linn Éire a fheiceáil ina n-éistear le gach leanbh agus gach duine óg go gníomhach, agus ina mbíonn meas againn orthu ionas go mbeidh saol sábháilte, sásúil agus sona acu. Bainfimid leas as ár neamhspleáchas agus as ár gcumhachtaí a oiread agus is féidir chun dul ina bhun seo.

Cuspóirí Oifig an Ombudsman do Leanaí

- Méadóimid feacht maidir le cearta leanaí agus daoine óga, maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus maidir le ról Oifig an Ombudsman do Leanaí.
- Oibreimid chun cur leis an gcumas atá i measc eagraíochtaí poiblí a mbíonn tionchar ag a gcuid oibre ar leanaí agus ar dhaoine óga chun cur chuige bunaithe ar chearta a fhorbairt agus a chur chun feidhme ina gcleachtais oibre.
- Spreagfaimid athrú dearfach do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn.



OmbudsmanForChildren @OCO_ireland · 7 May 2017

Cuireadh an-chríoch le @CASuicide i gCaisleán Bhaile Átha Cliath aréir agus chuir @HMcEntee fáilte romhainn. Buíochas do chách agus go hairithe do @ColmHayesRadio, @triciaquinn



OmbudsmanForChildren @OCO_ireland · 17 Jun 2017

Lá álainn dár gceardlann um chearta leanaí i gcuideachta grúpa meán Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann - eagraithe ag Clíodhna #YourOCO



IWA



Caibidil 3

**Gearáin &
Imscrúduithe**



Is cuid lárnach d'obair Oifig an Ombudsman do Leanáí é Gearáin agus Imscrúduithe.

Faoin Acht um Ombudsman do Leanáí 2002 arna leasú (an tAcht) is féidir linn imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a dhéanann leanáí agus daoine óga, nó a dhéanann daoine fásta ar a son, maidir le comhlachtaí poiblí, scoileanna nó ospidéal.

Tá ár seirbhís gearán agus imscrúduithe saor in aisce, neamhspleách agus neamhchlaonta. Bunaíodh muid mar mhalairt ar chúirt. Déanaimid iarracht éisteacht le gach páirtí lena mbaineann, agus teacht ar chonclúidí atá cothrom agus réasúnta, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil dúinn.

Leagtar amach go han-soiléir san Acht an chaoi ar chóir dár ngearáin agus imscrúduithe a bheith ag feidhmiú. Féachann an próiseas scrúduithe agus iniúchta an raibh tionchar díobhálach ar an leanbh mar gheall ar ghníomhartha a rinne comhlacht poiblí, agus chomh maith leis sin féachtar ar an ngníomh é féin d'fhonn a aimsiú más amhlaidh:

- go ndearnadh é gan údarás cuí
- go ndearnadh é ar fhorais neamhábhartha
- go raibh sé mar thoradh ar fhaillí nó míchúram
- go raibh sé bunaithe ar eolas earráideach nó neamhiomlán
- gur beart idirdhealaitheach míchuí a bhí ann
- go raibh sé bunaithe ar chleachtas riaracháin neamh-inmhianaithe
- nach bhfuil sé de réir riaracháin atá cothrom nó ceart

Féadfaidh leanáí gearáin a thabhairt chugainn ar a son féin agus iarraidimid ar thuairimí na leanáí nuair is cuí. Luaitear san Acht nach mór dúinn, agus muid ag déanamh ár gcuid oibre maidir le gearáin agus imscrúduithe, meas a bheith againn ar leas an linbh agus nach mór dúinn machnamh cuí a dhéanamh ar mhianta an linbh, agus aois agus tuiscint an linbh á gcur san áireamh.

Conas a chuireamar feabhas ar ár seirbhís don phobal i 2017

In 2017 chuireamar tús le clinicí inrochtana le leanáí agus le daoine óga i gCampas Coinneála Bhaile an Oibricigh. Chomh maith leis sin i 2017 osclaíodh ár bhfeidhm ghearán agus imscrúdaithe do leanáí agus do theaghlaigh atá ag lorg cosanta idirnáisiúnta agus atá ina gcónaí i gcóiríocht a sholáthraíonn an stát, lena n-áirítear ionaid Soláthair Dhíreach agus Ionaid Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála.


Thugamar cuairt agus bhuaileamar le leanáí agus le teaghlaigh a bhí ina gcónaí sna hionaid seo i rith 2017 agus tá tuilleadh sonraí faoin obair seo ar fáil níos déanaí sa chuid seo.

Rinneamar nuashonrú ar ár bpolasaithe agus ár nósanna imeachta maidir le tuairimí na leanaí a lorg nuair a dhéanann siad gearáin, nó nuair a dhéantar gearáin ar a son, lena chinntiú go léirímid an cleachtas is nua-aimseartha sa réimse seo.

3.1. Gearáin a Fuarthas i 2017

Fuaireamar 1,755 gearán nua i 2017, ár líon is airde in aon bhliain amháin ó bunaíodh muid. Is méadú de 4% é seo ar 2016 agus méadú foriomlán de 7% le dhá bliana anuas.

Tábla 1: Líon na ngearán nua 2015-2017



Gheobhaimid gearáin ar ghuthán, ar ríomhphost, tríd an bhfoirm ghearáin ar líne nó i litir. Caitheann ár gcásoibrithe cuid mhór ama ag plé le daoine nuair a dhéanann siad teagmháil linn don chéad uair, ag caint agus ag léamh trí na mionsonraí a bhaineann lena n-ábhair imní agus lena ngearán.

I go leor de na cásanna, mar gheall ar an eolas agus an tacaíocht a thugann ár gcásoibrithe, ar an nguthán nó i scríbhinn, nuair a dhéantar an chéad teagmháil linn ní bhíonn gá le gníomh breise a dhéanamh. Tá roinnt cúiseanna leis seo. Mar shampla, is féidir leis an ngearán a bheith lasmuigh dár sainchúraimí nó b'fhéidir nár tugadh chuig an gcomhlacht a bhfuiltear ag déanamh gearáin ina leith roimh dhul i dteagmháil linn. Féadfaidh ár bhfoireann na gearánaigh a threorú chuig an gcomhlacht gearáin chuí nó féadfaidh ár bhfoireann iad a spreagadh chun an gearán a thabhairt chuig an scoil, an ospidéal nó an gcomhlacht poiblí ar an gcéad dul síos. Mura mbíonn siad sásta ansin leis an toradh a bhíonn ag nósanna imeachta um ghearáin áitiúla, is féidir, ar ndóigh, le gearánaigh teacht ar ais chugainn a luaithe agus a bhíonn a ngearán laistigh dár sainchúram.

Má bhíonn gearán laistigh dár sainchúraimí agus má tugadh chuig an gcomhlacht cuí é gan aon réiteach a bheith air, déanaimid imscrúdú níos mionsonraithe ar an ngearán. I gceist sna himscrúduithe seo, cuirtear an gearán faoi bhráid na scoile, an ospidéal nó an chomhlachta phoiblí atá i gceist agus lorgaítear breis faisnéise chomh maith chun freagra a fháil uathu. Cinntíonn sé seo cad iad na hidirghabhálacha breise a d'fhéadfaimis a ghlacadh, más ann dóibh. Ar aon dul le prionsabail an Ombudsman, oibrímid chun saincheistanna a réiteach ag an leibhéal áitiúil a luaithe agus is féidir. Tá muid neamhchlaon freisin, rud a chiallaíonn nach bhfuilimid ina abhcóide don leanbh ná ina choimhlinteoir don chomhlacht poiblí.

Réitítear go háitiúil formhór na ngearán a ndéanaimid iniúchadh níos mionsonraithe orthu ag an bpointe seo. I gcás nuair nach féidir é seo a dhéanamh, áfach, nó i gcás a mbímid míshásta le freagra ón gcomhlacht poiblí i leith gearáin, is féidir linn leanúint ar aghaidh le himscrúdú iomlán.

Bhí 21 gearán againn faoi imscrúdú sa bhliain 2016. Bíonn iniúchtaí dian ar acmhainní agus féadtar an-chuid ama a ghlacadh d'fhonn iad a thabhairt chun críche. Sna cinntí a dhéantar chun tabhairt faoi iniúchtaí, cuirtear san áireamh an tionchar a ndearnadh gearán orthu maidir leis an leanbh nó na leanaí a bhíonn i gceist sa chás faoi leith. Is minic, áfach, sna himscrúduithe go dtarraingítear aird ar shaincheistanna córasacha a mbíonn tionchar acu ar leanaí eile. Féadfaidh an tOmbudsman cinneadh a dhéanamh ráiteas imscrúdaithe a fhoilsiú má chreideann sé go bhfuil sé ar mhaithe le leas an phobail. D'fhoilsíomar ráiteas imscrúdaithe amháin in 2017 dar teideal 'Imscrúdú le hOifig an Ombudsman do Leanaí - Leanaí gan dídean ar feadh dhá bhliain tar éis mí-úsáid tí a fhulaingt' ('An Investigation by the Ombudsman for Children's Office - Children homeless for two years after suffering domestic abuse'.)




3.2. Cén áit a dtugann ár gcuid gearán as?

I léarscáil 1 thíos léirítear cion ár ngearán a thagann ó gach contae in Éirinn. Ní bhíonn a fhios againn i gcónaí cén áit a mbíonn an duine nó an leanbh a chuireann an gearán isteach lonnaithe. D'fhéadfadh sé seo a bheith mar gheall go dtugann an duine, a dhéanann teagmháil linn, eolas an-ghinearálta maidir le leanbh nó mar gheall go n-ardaíonn sé nó sí ceisteanna ar cúis imní iad ar bhonn níos leithne agus ní bhonn díreach faoi leanbh amháin in áit faoi leith. Ní shonraítear cásanna den chineál sin sna figiúirí thíos.

As na 1,068 gearán nua i 2017 nuair a bhí an suíomh ar eolas, tháinig 39 as thar lear agus bhí siad lasmuigh dár sainchúram. As na 1,029 gearán eile, tháinig an líon is airde ó réigiún Bhaile Átha Cliath. Is mar seo a bheifí ag súil mar gurb é seo an ceantar is mó daonra. Fuarthas 295 gearán ar fad ó Bhaile Átha Cliath, inar cuimsíodh 28% de na gearáin nua go léir i 2017. Bhí méadú de 3% ann freisin ar líon na ngearán a tháinig ó lasmuigh de limistéar Bhaile Átha Cliath. Is féidir é seo a mhíniú toisc go ndearna muid iarracht comhbheartaithe a dhéanamh chun ár n-oifig a chur chun cinn ar fud na hÉireann tríd ionaid sna meáin áitiúla agus trí ghníomhaíocht for-rochtana. Tá sé tábhachtach dúinn go n-ardóimid an fheasacht ar ár seirbhísí do gach leanbh agus teaghlach ar fud na hÉireann agus tá sé ar intinn againn ár n-obair fhor-rochtana a mhéadú tuilleadh i 2018.

Léarscáil 1: Gearáin de réir contaetha sa bhliain 2017



3.3. Cé a chuaigh i dteagmháil linn?

Sa bhliain 2017, bhíothas ar an eolas maidir leis an ngaol a bhí idir an gearánach agus an leanbh i 1,710 cás. Tháinig formhór na ngearán seo ó thuismitheoirí nó ó bhaill eile den teaghlach (féach ar Thábla 2 thíos). Tá sé seo ar aon dul leis na blianta roimhe seo agus léiríonn sé an ról tábhachtach atá ag an teaghlach maidir le hábhar inní a thabhairt chun solais maidir leis an gcaoi a bhfuil comhlachtaí poiblí ag caitheamh lena gcuid páistí. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, tháinig 12% dár ngearán ó dhaoine fásta nach bhfuil gaol acu leis an leanbh. Áirítear leis seo oibrithe sóisialta, oibrithe ospidéil, múinteoirí agus daoine aonair ó eagraíochtaí abhcóideachta leanaí. Is féidir na gearáin seo a bheith thar a bheith luachmhar, ní hamháin maidir le hathruithe a dhéanamh le haghaidh na leanaí, ach freisin d'fhéadfadh na heagraíochtaí agus na gairmithe seo tuismitheoirí agus leanaí a chumasú chun teagmháil dhíreach a dhéanamh lenár n-oifig.

Tábla 2: Cé a chuaigh i dteagmháil linn

Tuismitheoirí	79%
Baill Teaghlaigh Shinte	5%
Gairmithe	5%
Daoine Fásta nach Gaolta Iad	5%
Leanaí	3%
Eagraíochtaí	2%
Eile	1%
Iomlán	100%

3.4. Cad faoina bhfuair muid gearáin i 2017?

I dTábla 3 thíos, taispeántar na hearnálacha a fuair muid gearáin faoi i 2017. D'fhéadfadh níos mó ná réimse amháin de shaol an linbh agus níos mó ná cineál amháin seirbhíse nó soláthraí seirbhíse a bheith i gceist sna gearáin.

Tábla 3: Céatadán na ngearán a bhain le hearnálacha éagsúla i 2017

Oideachas	45%
Cosaint Leanaí agus Leas	22%
Sláinte	14%
Ceartas	7%
Tithíocht agus Pleanáil	6%
Airgeadas agus Leas	2%
Eile	4%

Tá na hearnálacha a bhfuair muid an líon is airde de ghearáin fúthu fós seasmhach le roinnt blianta anuas. Mar a fheictear i dTábla 3 thuas, luadh earnáil an oideachais i 45% de na gearáin a fuarthas sa bhliain 2017: bhí saincheistanna maidir le seirbhísí um chosaint agus leas leanaí i gceist i 22% de na gearáin a fuarthas i 2017. Tá na figiúirí seo ag teacht le céatadán na ngearán a fuarthas maidir leis na hearnálacha seo sna blianta roimhe seo.



3.5. Oideachas

Is príomhábhar imní é cúrsaí oideachais d'fhormhór na dtuismitheoirí agus léirítear é sin i líon na ngearán a fhaighimid faoin gceannteideal seo. Léirítear na heagraíochtaí oideachais a ndearnadh gearán fúthu i dTábla 4 thíosluaite.

Tugtar faoi deara gur tháinig laghdú ar líon na ngearán faoi Ghníomhaireachtaí Oideachais eile. Go háirithe, fuairéamar níos lú gearán faoi Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus faoin gcaoi a riarann siad an scéim chóiríochta réasúnta.

In 2016 d'fhoilsíomar achoimre ar ghearáin faoin scéim seo² agus rinneamar moltaí maidir le feabhsúcháin ar an CSS. Chuir an CSS próiseas nua i bhfeidhm chun riarachán na scéime a fheabhsú agus dá bharr fuairéamar níos lú gearán i 2017.

Tháinig méadú de 1% ar ghearáin ghinearálta faoin Roinn Oideachais agus Scileanna i 2017 toisc go bhfuairéamar níos mó gearán a bhain leis an iompar scoile. D'fhoilsíomar ár dara chásleabhar téama ina dhiaidh sin, Béim ar Iompar Scoile (School Transport in Focus). Mar fhreagra ar an bhfoilseachán seo, rinne an Roinn Oideachais gealltanais d'athbhreithniú a dhéanamh ar iompar scoile do leanaí faoi mhíchumas.

Tábla 4: Miondealú ar Ghearáin Oideachais

Scoileanna (lena n-áirítear bunscoileanna, iarbunscoileanna, speisialta agus eile)	74%
An Roinn Oideachais agus Scileanna	15%
Gníomhaireachtaí Oideachais Eile (lena n-áirítear an CNOS ³ agus CSS)	9%
Eile	2%



² Freastal Réasúnta do Scrúduithe Teastais (RACE): Gearáin leis an Ombudsman do Leanáí.
³ An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

4Sean: Gearáin faoi phionós scoile

Rinne tuismitheoirí Sheáin gearán faoi chinneadh na scoile chun ‘coinneáil am-sosa poiblí’ a riar chun pionós a chur ar a iompar. Chiollaigh sé seo go raibh air seasamh taobh amuigh sa chlós i spás ar leith le linn am sosa.

Mhottaigh a thuismitheoirí go raibh an pionós seo mícheart toisc go raibh diagnóis shonrach ag Sean agus níor thug an scoil aird air sin. Mhottaigh siad go raibh an pionós míchuí agus thar fóir toisc gur thug múinteoir íde béil do Shean cheana féin mar gheall ar a chuid iompair. Chreid siad freisin go mbeadh sé náireach dó pionós poiblí a chur air os comhair na leanaí ar fad ag am sosa.

Mar thoradh air sin, ní raibh sé in ann freastal ar an scoil mar gheall go raibh imní air faoin bpionós a bhí le teacht. Dúirt a thuismitheoirí freisin go raibh an scoil ag sárú treoirlínte an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO) maidir le hiompar a bhainistiú, níor leanadh an Clár Bainistíochta Iompraíochta, agus níor cloíodh leis an nós imeachta gearán.

Cad a rinneamar

Scríobh muid chuig an scoil le cur síos ar an ngearán agus d'iarr muid faisnéis shonrach maidir le beartas agus cleachtas coinneála na scoile. D'iarramar ar an scoil ar smaoinigh sí faoi rogha eile ar choinneáil am-sosa poiblí mar gheall ar na leochaileacht de Sheán a cuireadh in iúl sa chás seo. Ba léir go raibh tuairimí difriúla ann maidir leis na sonraí sonracha a bhain leis an bpionós agus na cúinsí a raibh mar chúis leis an bpionós. Tar éis dúinn anailís a dhéanamh ar an ngearán a fuarthas agus ar an bhfaisnéis a chuir an scoil ar fáil, bhí sé soiléir go raibh drochthionchar aige ar an leanbh ach níorbh fhéidir leis an scoil seo a bheith nasctha le gníomhartha riaracháin nó neamhghníomhartha riaracháin toisc gur ghníomhaigh sí de réir a cuid polasaithe le linn an phróisis uile.

4 Athraíodh ainmneacha na leanaí agus na ndaoine óga i ngach sampla de ghearáin chun a n-ainm agus rúndacht a chosaint

Toradh

D'inis an scoil dúinn go raibh sé de dhualgas ar údaráis na scoile timpeallacht ranga agus scoile a chothabháil. D'ainneoin seo, d'iarr an scoil ar chomhairle ón gCumann Bainistíochta do Bhunscoileanna Caitliceacha maidir leis an ngníomhaíochta is fearr le glacadh do gach páirtí lena mbaineann. Rinne an scoil athbhreithniú ar a cleachtas freisin maidir le coinneáil am-sosa mar gheall ar an eachtra seo agus ní dhéantar an choinneáil ach sa rang le linn sosa agus ní os comhair leanaí i gclós na scoile. Ar leithligh, shoiléirigh an Bord gur leanadh nós imeachta gearán na scoile agus thug an Cathaoirleach tuairisc fhoirmiúil don Bhord. Mar mhodh sásaimh, thairg an scoil go bhféadfaí an pionós tarlú sa seomra ranga de Shean in ionad an chlóis ach ní raibh na tuismitheoirí sásta leis seo.

Creidimid gur cuireadh an scoil sásamh réasúnta ar fáil agus toisc gur athraigh siad a mbeartas maidir le coinneáil am-sosa de bhun an eachtra seo, rinneamar cinneadh an gearán a dhúnadh.



3.6. Cosaint agus Leas Leanáí

Mar atá léirithe i dTábla 3 thuas, bhain 22% de na gearáin uile a fuarthas i 2017 le cosaint agus leas leanáí.

Mar a tharla i mblianta roimhe, fuair muid gearáin maidir leis an gcaoi a gcuirtear eolas in iúl do leanáí agus do theaghlaigh, agus faoin mbainistíocht a bhaineann le hábhair inmí maidir le cosaint leanáí.



Ben: Tacaíochtaí le haghaidh socrúchán cúraim le gaolta

Rugadh Ben le riachtanais leighis shuntasacha. Bhí sé ina chónaí lena thuismitheoir ar feadh cúpla bliain dá shaol. Ach, ní raibh a thuismitheoir ábalta cúram a thabhairt dó, áfach, agus rinneadh socrúchán sealadach go dtabharfá gaolta Ben aire dó. D'iarr Tusla orthu an socrúchán seo a leathnú agus d'fhan an leanbh faoina gcúram trí chomhaontú Cúraim Dheonaigh.

Rinne cúramóirí gaolta Ben teagmháil linn toisc go raibh imní orthu:

- Nár ghlac Roinn na hOibre Sóisialta céimeanna leordhóthanacha chun freagairt a thabhairt ar imní tromchúiseacha faoi chúram Ben sular cuireadh faoi chúram é. Luaitear go raibh go leor atreoraithe déanta chuig Tusla agus nár dtugadh aghaidh ar na hábhair imní um chosaint leanaí go sásúil agus go pras.
- Nár tugadh tacaíocht leordhóthanach dóibh, toisc gur dhéileáil Tusla leis mar shocrúchán cúraim teaghlach phríobháidigh, go dtí gur thángthas ar chomhaontú cúraim dheonaigh. Mar sin féin, d'iarr Tusla ar an teaghlach aire a thabhairt do Ben.

Cad a rinneamar

Chuamar i dteagmháil le Tusla agus mholamar réiteach áitiúil ar an ábhar, más féidir, ar mhaithe le leas an linbh. Chuireamar an cás seo i gcomparáid le cás roimhe sin a rinneamar imscrúdú air⁵ agus d'iarramar ar Tusla

- soiléireacht a sholáthar maidir le cineál an tsocrúcháin chúraim, agus
- más cuí íocaíochtaí a dhéanamh leis an gcúramóir ón dáta ar cuireadh tús leis an socrúchán cúraim

5 <https://www.oco.ie/wp-content/uploads/2014/03/OCOInvestigationSection10.pdf>

Toradh

Ghlac Tusla leis gur chúis aiféala é nach raibh siad ábalta oibrí sóisialta a dháileadh níos luaithe do Ben ach bhí siad sásta ag an am go raibh cúram leordhóthanach á tabhairt do Ben sa bhaile le tacaíochtaí éagsúla i bhfeidhm. Mhol siad freisin go ndearna oibrí sóisialta ar dualgas teagmháil rialta le gairmithe go dtí go leithdháileadh an cás ar oibrí sóisialta.

Ghlac siad leis gur socrúchán cúraim altrama gaoil a bhí ann ós rud é gur cuireadh Ben lena ghaolta faoi chomhaontú Cúraim Dheonaigh agus nach mór dóibh na híocaíochtaí agus tacaíochtaí a chur i bhfeidhm chomh luath agus a aontaíodh é seo le cúramóirí Ben. Chuaigh Tusla i mbun caibidlíochta chun teacht ar chomhaontú maidir le tacaíocht airgeadais siardhátaithe a agus thug siad tacaíocht dóibh agus chuir sé oiliúint orthu freisin mar chúramóirí gaoil.

3.7. Sláinte

Tá laghdú tagtha ar líon na ngearán a bhaineann le seirbhísí sláinte ó 17% i 2016 go 14% i 2017. Bhain formhór na ngearán seo leis an FSS (66%) i 2017, agus bhain 29% de na gearáin eile le hospidéal.

Den chuid is mó, d'fhan na príomhcheisteanna a bhain le cúrsaí sláinte a ndearnadh gearáin fúthu comhsheasmhach le blianta roimhe seo. Rochtain ar sheirbhísí cúraim phríomhúil, ar nós seirbhísí síceolaíochta agus cainte agus teanga; liostaí feithimh do ghnáthaimh ospidéal; rochtain ar thacaíochtaí do leanaí faoi mhíchumas, lena n-áirítear measúnú agus seirbhísí araon; agus rochtain ar sheirbhísí meabhairshláinte speisialaithe do leanaí agus do dhéagóirí, i measc na saincheisteanna is coitianta ar tugadh chugainn.



Aoife: Laghdú i gcúram altranais sa teaghais

Rinne máthair Aoife teagmháil linn chun ábhair imní a chur in iúl dúinn nach raibh i ndóthain tacaíochta cúraim sa teaghais á soláthar ag an FSS chun freastal ar riachtanais mhíochaine casta a hiníne. Dúirt sí linn:

- Go bhfuil riachtanais mhíochaine chasta ag Aoife lena bhfuil gá le cúram sa teaghais.
- D'fhaomh an FSS gníomhaireacht altranais phríobháideach agus thug sí maoiniú di chun 84 uair an chloig sa tseachtain a sholáthar di.
- Ina dhiaidh sin ghlac FSS ceannas na seirbhíse phríobháidí ón ngníomhaireacht ach tharla sé seo ag an am céanna le laghdú ar na huaireanta altranais a bhí curtha ar fáil.

Dúirt máthair Aoife linn freisin gur cosúil go raibh athrú ar an gcineál tacaíochta a thugtar do Aoife. Ar dtús, bhí sí féin agus a fear céile in ann rudaí eile a dhéanamh ach dúirt an t-altra FSS léi nach bhféadfadh siad an teach a fhágáil nuair a bhí an fhoireann altranais ann. Nuair a rinne tuismitheoirí Aoife gearán leis an FSS, dúradh leo go raibh an tacaíocht le haghaidh uaireanta altranais agus ní le haghaidh uaireanta faoisimh.

Cad a rinneamar

Chuamar i dteagmháil leis an FSS a d'inis dúinn go raibh easpa altraí ar fud na tíre, rud a chuir isteach ar chumas an cheantair áitiúil freastal ar riachtanais Aoife. Idir an dá linn, dúirt an fhoireann FSS le tuismitheoirí Aoife gur féidir leo an teach a fhágáil ar feadh suas le 30 nóiméad mar bheart eatramhach go dtí go raibh an beartas náisiúnta i bhfeidhm.

D'iarramar ar an FSS freagra a thabhairt ar an imní a bhí ar tuismitheoirí Aoife agus d'iarramar ar nuashonrú ar an mbeartas náisiúnta. Chuir an FSS sonraí ar fáil dúinn maidir le maoiniú, prótacail agus meicníochtaí dearbhaithe cáilíochta nua a bhí ar bun. D'aontaigh an FSS tús áite a thabhairt do chás Aoife le haghaidh athbhreithnithe mar chuid de dhearbhu cáilíochta sa réimse. Dúirt an FSS freisin go raibh obair ar siúl maidir le polasaí náisiúnta athbhreithnithe nua do phacáistí cúram sa teaghais do leanaí le riachtanais mhíochaine chasta agus bhí sí ag súil go bhfoilseofaí é i 2018 agus go dtabharfar aghaidh ar na saincheisteanna a ardaíodh.

3.8 Meabhairshláinte

Tá infhaighteacht de sheirbhísí meabhairshláinte inrochtana, cuí agus tráthúla fós mar ábhar inní don oifig seo. Le linn 2017 fuair 57 gearán maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí meabhairshláinte agus, go háirithe, maidir leis na dúshláin atá roimh theaghlach nuair a bhíonn leanaí féinmharfach agus nuair a bhíonn cabhair á lorg acu. Cé go mbaineann formhór na gcásanna le leanaí atá ag feitheamh ar sheirbhísí bunaidh síceolaíochta, tá inní orainn freisin maidir le freagairt na seirbhísí nuair a thagann leanaí atá féinmharfach chugainn.



Leanaí agus meabhairshláinte

Fuaireamar gearán ó ghairmí cúraim sláinte faoi Sheirbhís Mheabhairshláinte Leanaí agus Déagóirí (CAMHS) i gceann de na 10 eagraíocht sláinte pobail de chuid an FSS (CHO). Dúradh linn:

- Nach raibh aon chomhairleoir CAMHS ar fáil uaireanta chun measúnú a dhéanamh ar leanaí sa cheantar nuair a chuaigh siad chuig an ospidéal le hiompar féinmharfach. Chiollaigh sé seo go raibh ar roinnt leanaí fanacht san ospidéal ar feadh roinnt laethanta go dtí go raibh comhairleoir CAMHS ar fáil.
- Bhí sé seo ag tarlú sa cheantar ar feadh ceithre bliana, gach uair a bhí na comhairleoirí ar saoire, agus bhí tionchar aige seo ar 60 leanbh le linn an ama seo.

Cad a rinneamar

Chuireamar i dteagmháil leis an FSS sa cheantar áitiúil. Dúirt siad linn:

- Nach raibh i ndóthain acmhainní ag an bhfoireann áitiúil CAMHS agus bhí leibhéal foirne sa cheantar faoi bhun na leibhéal foirne a mholtar i bpolasaí náisiúnta um mheabhairshláinte 2006, *Fís d'Athrú (A Vision for Change) (VfC)*.⁶
- Níor cabhraigh an easpa náisiúnta de shíciatraithe comhairleacha leis an gcás.
- Ba é an tsamhail is fearr a bhí acu chun clúdach comhairleach a sholáthar do Rannóg Éigeandála ná comhairleoirí ó CAMHS eile sa cheantar (CHO) a fháil. Mar sin féin, i roinnt conarthaí níor ceadaíodh do chomhairleoirí é seo a dhéanamh agus le haghaidh na n-ospidéal bhí sé seo ina bhac don fhadhb chlúdach comhairleach a réiteach.

Reáchtáladh dhá chruinniú leis an FSS ionas go bhféadfaimis tuilleadh eolais a fháil; ceann amháin le an Limistéar Sláinte Phobail agus ceann eile leis an Rannán Náisiúnta um Mheabhair-Shláinte.

6 <http://health.gov.ie/future-health/mental-health-a-vision-for-change/a-vision-for-change/>

Dúirt an ceantar áitiúil linn gur bhain siad triail as roinnt rudaí chun an cheist a réiteach, lena n-áirítear earcaíocht leanúnach, ag iarraidh cabhrach ó CHOanna eile, agus socrú a dhéanamh d'Acmhainní Daonna chun athbhreithniú a dhéanamh ar chonarthaí na gcomhairleoirí. Dúirt siad freisin gur dtugadh comhairle do Dhochtúirí Teaghlaigh agus do Rannóga Éigeandála sa cheantar dul i dteagmháil le bainisteoir ginearálta ainmnithe nuair a bhí siad ag lorg measúnuithe do leanaí lasmuigh d'uaireanta CAMHS.

Dúirt an Rannán Náisiúnta um Mheabhair-Shláinte linn:

- Gur a chóir mbeadh foireann idirchaidrimh i bhfeidhm d'ospidéal ghéarmhíochaine de réir an bheartais Vision For Change (Fís d'Athrú) ach níl siad i bhfeidhm ach amháin sna ospidéal náisiúnta do leanaí (ie Tamhlacht, Cromghlinn agus Sráid an Teampaill). Tá béim an FSS go dtí seo ar fhoireann idirchaidrimh a bhunú le haghaidh ospidéal d'aosaigh. Soláthraíonn na foirne seo seirbhísí cliniciúla agus oideachais, teagasc agus taighde i suíomhanna ginearálta san ospidéal.
- Tá tosaíocht tugtha ag an FSS ar chur i láthair féindochar do Rannóga Éigeandála mar cheann dá cláir chliniciúla náisiúnta.⁷ Sa chlár seo, soláthraítear ultraspeisialtóirí cliniciúla chun féindochar a mheas. Mar sin féin, níor dhírigh sé seo ach ar dhaoine fásta amháin go dtí seo. Tá sé beartaithe an clár a leathnú chun leanaí faoi bhun 16 bliana d'aois a chur san áireamh. Dúirt siad linn freisin gurb é 16 bliain d'aois an uasaois d'iontráil chuig na rannóga éigeandála péidiatraiceach'.⁸

Chuir an FSS faisnéis ar fáil chomh maith ar líon na gcomhairleoirí CAMHS ar fud na tíre a sholáthraíonn clúdach lasmuigh d'uaireanta sna 10 gceantar CHO de chuid an FSS. Níl aon chlúdach i gcor ar bith i CHO5 (Tiobraid Árann Theas, Ceatharlach / Cill Chainnigh, Port Láirge agus Loch Garman) agus tá clúdach iomlán i CHO2 (Gaillimh, Ros Comáin agus Maigh Eo) agus i CHO3 (Clare, Luimneach, Tiobraid Árann Thuaidh / Luimneach Thoir).

7 <https://www.hse.ie/eng/about/Who/cspd/ncps/mental-health/self-harm/>

8 Féach ar chaipéisí um Chlár Náisiúnta Leighis Éigeandála ag www.hse.ie/eng/about/Who/clinical/natclinprog/paediatricsandneonatology/modelsofcare/EmergencyMedicine%20.pdf agus www.hse.ie/eng/services/publications/Clinical-Strategy-and-Programmes/The-National-Emergency-Medicine-Programme.pdf (accessed 5/7/2017)

Ar an iomlán, chuir an FSS in iúl go soláthraíonn 70 comhairleoir clúdach lasmuigh d'uaireanta ar fud na tíre agus nach soláthraíonn 25 comhairleoir clúdach lasmuigh d'uaireanta. Dúradh linn go raibh 13 post folamh ar fud na tíre agus go líonfaí ceann go gairid.

Toradh

Bhí inní orainn maidir le héagothroime de chlúdach comhairleoirí CAMHS ar fud na tíre. Níor dhearnamar tuilleadh imscrúdaithe toisc go bhfuil easpa acmhainní agus conarthaí na gcomhairleacha seachas teipeanna riaracháin mar chúis leis an bhfadhb agus dá bhrí sin, bhí sé lasmuigh dár sainchúram reachtúil. Mar sin féin, d'iniseamar don FSS go raibh inní tromchúiseacha orainn maidir le conas a fhaigheann daoine óga féinmharfacha rochtain ar sheirbhísí éigeandála. Dár linn, ba chóir go gcuirfeadh an FSS seirbhísí cothroma ar fáil agus ba chóir go mbeadh rochtain thapa ag gach leanbh a dteastaíonn measúnacht ar mheabhairshláinte uathu i Rannóga Éigeandála air seo. D'iarramar ar an gceantar áitiúil tosaíocht a thabhairt ionas go gcinntítear go bhfaigheann leanaí a fhreastalaíonn ar ospidéal ghéarmhíochaine, a dteastaíonn seirbhísí CAMHS uathu, na seirbhísí cuí.

D'iarramar ar an Rannán Náisiúnta um Mheabhair-Shláinte machnamh a dhéanamh ar chlár cliniciúil ar leithligh a fhorbairt chun measúnú agus bainistíocht a dhéanamh ar leanaí agus ar dhaoine óga atá faoi bhun 18 mbliana d'aois a thagann isteach i Rannóga Éigeandála mar gheall ar fhéindhochar, clár a bheadh cosúil leis an gclár cliniciúil náisiúnta d'aosaigh. Chomh maith leis sin, thugamar comhairle don FSS sonraí náisiúnta a bhailiú maidir leis líon na leanaí a raibh tionchar ag an clúdach teoranta chomhairligh CAMHS orthu.

Cé gur dhúnamar an cás seo, leanamar ar aghaidh ag plé leis an Roinn Sláinte agus leis an FSS maidir leis na saincheistanna seo i rith 2017.

3.9. Ceartas agus coinneáil na n-ógánach

I dtús 2017, rinne ár bhFoireann Gearán agus Imscrúduithe ár gclár in-rochtana a rolladh amach do dhaoine óga i gCampas Coinneála Bhaile an Oibricigh. Leagamar an bunús le haghaidh é seo i 2016 agus go luath i 2017, reáchtáladar cruinnithe le bainistíocht shinsearach, bainisteoirí aonaid, príomhoibreoirí agus le baill foirne i gCampas Coinneála Bhaile an Oibricigh. Mhíniomar, de bhrí go raibh an grúpa de dhaoine óga seo ag fáil seirbhísí stáit agus iad á gcoinneáil, ar nós oideachais, teiripe agus aire leighis (chomh maith lena gcúram stáit trí choinneáil), ba cheart go mbeadh siad in ann rochtain a fháil ar ár seirbhísí go héasca. Mar gheall ar a gcuid leochaileachtaí ar leith, theastaigh uainn a bheith forghníomhach maidir le bealaí a bhunú le haghaidh na ndaoine óga seo ionas go bhfeadfaidís imní a chur in iúl nó gearáin a dhéanamh chugainn.

Tugann baill foirne ón bhFoireann Gearán agus Imscrúduithe cuairt ar an gCampas gach mí agus bíonn siad i dteagmháil leis na daoine óga ann. Dháileamar bileoga agus póstaer ar na haonaid go léir, ag cur béime ar conas a d'fhéadfaí teacht ar ár seirbhís. D'oibríomar chun muinín na ndaoine óga a neartú agus spreagamar agus éascaíomar iad chun saincheisteanna a phlé linn i dtimpeallacht shábháilte agus rúnda. D'éascaigh foireann agus bainistíocht Bhaile an Oibricigh, agus thug siad tacaíocht dár gcuairteanna agus cruinnithe le daoine óga.

Ardaíonn daoine óga saincheisteanna éagsúla nuair a thugann muid cuairt orthu, amhail am saor ón gCampas (lena n-áirítear cuairteanna sa bhaile), agus saincheisteanna bainistíochta iompraíochta ar nós sochar agus pionóis. Fuaireamar roinnt gearán faoi oideachas freisin. Tabharfaimid aird an bhainisteora agus / nó an phríomhoide scoile ar a leithéid d'ábhair imní agus go ginearálta déantar iad a réiteach go tapa.



3.10. Tithíocht

Tá méadú seasmhach tagtha ar líon na dteaghlach agus na dtuismitheoirí atá ag ardú an tsaincheist linn maidir le soláthar tithíochta le blianta beaga anuas. Tá méadú faoi dhó tagtha ar ghearáin faoi sholáthar tithíochta ón mbliain 2015 ar aghaidh agus chuaigh siad i méid aníos ó 3% go 6%. Sa ghráf thíos, taispeántar go bhfuil rochtain ar thithíocht oiriúnach an phríomhcheist atá á ardú agus cuimsítear leis seo leithdháileadh tithíochta na n-údarás áitiúil, tithíocht oiriúnach do leanaí faoi mhíchumas, cóiríocht éigeandála do dhaoine gan dídean, leithdháileadh tosaíochta leighis agus saincheistanna aistrithe ginearálta.

Tábla 5: Miondealú ar ghearáin tithíochta

Rochtain ar thithíocht oiriúnach	81%
Cóiríocht don Lucht Siúil	9%
Oiriúnacht do chomharsanacht/ An chaoi a ndéileáiltear le hábhair imní um iompar frithshóisialta	8%
Cinntí / próiseas pleanála	2%

I roinnt dár ngearán agus dár n-imscrúduithe i dtithíocht taispeántar an chaoi a bhfuil leanaí dofheicthe ó thaobh beartas agus cinnteoireacht tithíochta de, toisc go bhfeictear orthu mar chleithiúnaithe agus ní mar shealbhóirí cearta aonair.

Léirítear an easpa infheictheachta seo freisin i roinnt cásanna a ndearnamar scrúdú orthu maidir le hiarchur cóiríochta mar gheall ar iompar frithshóisialta. Ní mór do gach údarás áitiúil Straitéis um Iompar Frithshóisialta a bheith acu, lena n-áirítear smachtbhannaí nuair a bhíonn tionóntaí i mbun iompair fhrithshóisialta. Aithnímid go gcuirfear na straitéisí agus na polasaithe sin i bhfeidhm chun a chinntiú nach gcuirtear aon leanbh i mbaol nó bhfulaingíonn siad aon angar mar gheall ar mhainneachtain na n-údarás áitiúil bearta cuí a ghlacadh. Mar sin féin, caithfear na polasaithe seo a riar go cothrom agus aird chuí á tabhairt ar an tionchar ar leanaí.

Taispeánadh an gá le leas na leanaí a chinntiú i gcinntí tithíochta freisin i ráiteas imscrúdaithe a d'fhoilsíomar i mí Iúil 2017⁹ *'An Investigation by the Ombudsman for Children's Office - Children homeless for two years after suffering domestic abuse' abuse* ('Imscrúdú ag an Ombudsman um Oifig Leanaí - Leanaí gan dídean ar feadh dhá bhliain tar éis drochíde sa teaghlach a fhulaingt'). Déantar achoimre ar an ráiteas seo thíos agus léiríonn sé na dúshláin atá os comhair mná agus leanaí a bhfuil tithíocht shábháilte á lorg acu nuair a fhágann siad caidreamh foréigneach sa ghéarcheim tithíochta atá ann faoi láthair. Leag sé béim freisin ar an drochbhail atá ar cuid de na lóistín éigeandála inar fhan na leanaí agus a bhí siad gan dídean.

9 Féach cáipéisí an Chláir Náisiúnta Mhíochaine Éigeandála ag <https://www.hse.ie/eng/seirbhísí/foilseacháin>



Imscrúdú leis an Ombudsman um Oifig Leanaí: Leanaí gan dídean ar feadh dhá bhliain tar éis drochíde sa teaghlach a fhulaingt

Dúirt máthair linn gur fhág sí agus a leanaí a gcuid baile mar gheall ar fhoréigean baile. Bhí siad beagnach dhá bhliain ag fanacht ar chóiríocht. D'fhan siad i dtearmann do mhná ar feadh trí mhí agus i gcóiríocht éigeandála éagsúil ar feadh bliana go leith. Ní raibh sí sásta leis an tréimhse ama a bhí sí agus a leanaí i gcóiríocht éigeandála agus bhí imní uirthi freisin faoi chaighdeán na cóiríochta a cuireadh ar fáil.

Cad a rinneamar

Rinneamar imscrúdú ar na trí chomhlacht poiblí a bhí i gceist, Comhairle Contae Fhine Gall (FCC), Aonad na gComhphobal Nua¹⁰ (NCU) agus Feidhmeannacht Tithíochta Réigiúnach Bhaile Átha Cliath (DRHE).

Tháingamar ar an tuairim nach raibh baile cobhsaí ag na páistí ar feadh 20 mhí agus uaireanta bhí siad ina gcónaí i gcóiríocht ar dhrochchaighdeán. Tháingamar ar an tuairim go raibh a gcuid taithí mar thoradh ar chinneadh CCFG a máthair a tharchur chuig aonad do theaghlach neamh-Éireannacha in ainneoin go raibh cead cónaithe dlíthiúil aici, agus mar thoradh ar mhoill an DRHE maidir le caighdeán cháilíochta náisiúnta a fhorbairt i leith cóiríocht éigeandála agus mar thoradh ar an maorlathas a bhain lena hiarratas ar thithíocht shóisialta a leasú.

Mholamar an méid seo a leanas:

- Creatlach Náisiúnta um Chaighdeáin Cháilíochta do Sheirbhísí gan Dídean a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- breithniú a dhéanamh ar riachtanais leanaí i ngach beartas a bhaineann le leanaí
- athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta iarratais do theaghlach a d'fhulaing foréigean teaghlach chun a chinntiú go dtugtar tús áite do leas na bpáistí

¹⁰ Bhunaigh na boird sláinte an t-aonad seo ag deireadh na 1990í chun freastal ar dhaoine a d'fhág an córas soláthair dhíreach. Is é a phríomhfheidhm ná a chinntiú go bhfaighidh duine ar bith atá i dteideal sochair leasa shóisialaigh na sochair sin. Ghlac an Roinn Coimírce Sóisialaí freagracht as an NCU i 2011

- o nósanna imeachta a bhunú chun a chinntiú go gcuirtear ciorcláin an Rialtais i bhfeidhm

Toradh

Cuireadh na caighdeáin cháilíochta náisiúnta nua le haghaidh seirbhísí gan dídean i bhfeidhm agus cuireadh i ngníomh clár athbheithnithe oiliúna do bhaill foirne maidir ciorcláin rialtais nua a chur i bhfeidhm. Tugadh cuireadh dúinn freisin cur i láthair a thabhairt don DRHE maidir le riarachán dírithe ar leanaí chun feabhsuithe sa réimse seo a spreagadh.



3.11. Teaghlaigh a lorgaíonn cosaint idirnáisiúnta agus a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht arna soláthar ag an stát

I 2017 dheimhnigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais go bhfuil sainchúram againn gearáin a ghlacadh ó leanaí agus ó theaghlaigh a lorgaíonn cosaint idirnáisiúnta agus a bhfuil cónaí orthu in ionaid soláthair dhíriú nó in ionaid Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála in Éirinn. Is féidir le daoine a lorgaíonn cosaint idirnáisiúnta in Éirinn freastail orthu féin nó cónaí in ionaid chóiríochta soláthair dhíriú agus iad ag fanacht ar thoradh a n-iarratas ar thearmann. I 2017 ba ann do 27 ionad den chineál sin a chuireann cóiríocht ar fáil do leanaí agus do theaghlaigh in Éirinn. Riarann an Gníomhaireacht Fáiltithe agus Imeachta (RIA) an scéim seo faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Is féidir le leanaí a lorgaíonn tearmann lena dteaghlach cónaí in ionaid chóiríochta Soláthair Dhíriú ar feadh roinnt blianta go dtí go ndéanfar cinneadh faoina n-iarratas.

Glacann Éire le dídeanaithe faoi chlár athshuímh agus athlonnaithe AE agus riarann Clár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint an chóiríocht agus gnéithe eile a bhaineann leis an scéim seo, arís faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Cónaíonn na dídeanaithe seo i dtrí ionad Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála ar feadh roinnt míonna sula n-aistrítear iad chuig tithíocht níos buaine.

Is meascán de ghnólachtaí príobháideacha agus fiontair stáit iad na hionaid chóiríochta seo atá faoi chonradh ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá an-imní orainn nach bhfuil treoirlínte nó rialacháin reachtúil ann maidir le conas ba chóir na hionaid seo a reáchtáil nó conas iniúchadh a dhéanamh orthu. D'aimsíomar éagsúlacht shuntasach maidir le caighdeán na cóiríochta agus na seirbhísí arna soláthar do leanaí agus teaghlaigh ar fud na n-ionad. Tugtar an obair chun seirbhísí a sholáthar amach ar conradh trí chomhaontú seirbhíse. Tá próiseas maidir le gearáin i Rialacha an Tí de chuid na Gníomhaireachta Fáiltithe agus Imeachta.

I mí Aibreáin 2017, thugamar cuireadh do gach bainisteoir ionaid teacht chuig lá eolais san oifig, agus rinneamar cur síos an lá sin ar an ról agus an cur chuige atá againn maidir le gearáin a láimhseáil. Leanamar ar aghaidh chun grúpaí abhcóideachta a bhualadh le linn na bliana chun aird a tharraingt ar conas is féidir gearáin a thabhairt chun an Ombudsman do Leanaí, chun a mhíniú gurb é an cur chuige atá againn maidir le gearáin a láimhseáil ná cumhacht a thabhairt do leanaí agus teaghlaigh gearáin a dhéanamh go háitiúil, chun aird a tharraingt ar ár mbéim ar réitigh áitiúla, agus chun éisteacht lena gcuid tuairimí maidir le saincheisteanna a bhaineann le leanaí.

Mhíníomar gurb é ár dtuairim é gur modh éifeachtach é an córas gearáin chun ceart leanaí go n-éistfear leo a chomhlíonadh

agus chun seans a thabhairt do leanaí páirt a ghlacadh i gcúrsaí a bhaineann leo. Thugamar achoimre chomh maith ar ár ndearcadh nach bhfuil an córas soláthair dhírigh le moladh ó thaobh cearta an duine de díreach toisc go bhfuil ról ag an Ombudsman do Leanaí i dtaca le gearáin a láimhseáil.

Le linn 2017, thugamar cuairt ar 27 Ionad Soláthair Dhírigh agus trí Ionad Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála. Tá gach ionad difriúil ó thaobh na timpeallachta fisiciúil, ó thaobh na cóiríochta agus na saoráidí arna soláthar, ó thaobh na seirbhísí atá gar don ionad agus ó thaobh na tacaíochtaí ar leith arna soláthar go háitiúil.

Le linn na bliana, chasamar ar a chéile leis an RIA maidir le:

- maoirseacht a dhéanann an RIA ar ghnásanna gearáin laistigh de na hionaid
- cur i bhfeidhm na moltaí cuí a bhí sa Tuarascáil McMahon
- saincheisteanna a thagann chun cinn le linn ár gcuartheanna agus nuair a théimid i dteagmháil le teaghlaigh agus le baill foirne
- saincheisteanna seachtracha cosúil le tionchar na géarchéime tithíochta ar theaghlaigh a fhágann soláthar díreach
- polasaí aistrithe idir na hionaid agus tionchair na heaspa cóiríochta ar an gcóras

Chomh maith leis sin, chasamar ar a chéile le bainistíocht de chuid Chlár na hÉireann um Chosaint Dídeanaíthe (IRPP) i dtaca le seirbhísí a sholáthar do leanaí agus teaghlaigh dídeanaí chun tacú lena n-imeascadh in Éirinn.

Gearáin a fuarthas

Fuaireamar 29 gearáin aonair i 2017 ó na teaghlaigh seo maidir le réimse saincheisteanna, lena n-áirítear tacaíochtaí airgeadais, cóiríocht, agus seirbhísí poiblí eile agus tharla réamhscrúdú i gcúig chás. Bhain na gearáin a fuaireamar le cumarsáid, bainistíocht ghearáin agus bainistíocht aistrithe chun ionaid eile nó cóiríocht níos mó. Réitigh formhór na ngearán seo go háitiúil.

Creidimid go bhfuarthas líon beag gearán faoi riarachán an chórais soláthair dhírigh. Ní comhartha é seo, áfach, go bhfuil cultúr éifeachtach ann maidir le gearáin leanaí a láimhseáil nó go riartar an córas go héifeachtach agus go cóir. Creidimid go bhfuaireamar líon beag gearán mar go gceaptar go mbeadh drochthionchar ar dhálaí maireachtála an duine dá ndéanfaí gearán, nó go n-aistreoí an duine chun áit neamh-inmhianaithe laistigh den chóras. Fuaireamar líon mór gearán a dúirt nach bhfuil an dóthain airgid sa liúntas soláthair dhírigh le freastal ar riachtanais leanaí. Tá an tsaincheist seo taobh amuigh dár sainchúram agus ní dhearnamar scrúdú air. Cuireann tacaíochtaí teoranta airgeadais leis an mbrú atá ar an teaghlach; d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar aige ar rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga i ngníomhaíochtaí sóisialta, cultúir agus oideachais agus airítear

an tionchar seo go géar ag tréimhsí áirithe i saol na leanaí. Mar shampla, caithfear dul i dteagmháil le scoileanna nó le hOifigí Leasa Pobail maidir le tacaíocht a fháil le haghaidh leabhar scoile agus turas scoile.


Mar gheall ar an gcruatan airgeadais roimh na teaghlaigh, scríobh an tOmbudsman do Leanaí chuig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Aire Stáit sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus freagracht speisialta air maidir le Comhionannas, Inimirce agus Imeachadh, chun a inní a chur in iúl faoi theip an rialtais maidir le tuarascáil an Ghrúpa Oibre McMahon a chur i bhfeidhm go hiomlán trí liúntas soláthair dhíriú do leanaí a ardú ó €21.60 go dtí €29.80.

Táimid tiomanta go fóill do ghearáin ó leanaí agus teaghlaigh faoina gcóiríocht agus a seirbhísí, chomh maith le gearáin faoina dtaithí ar dhéileáil le seirbhísí agus comhlachtaí stáit eile atá laistigh dár sainchúram, a ghlacadh go díreach.

John: Fadhbanna codlata, deacrachtaí béilí a réiteach, agus nósanna imeachta um aistriú iarratais

Tá John 10 mbliana d'aois agus tá sé ina chónaí in ionad Soláthair Dhíriú lena siblí. Rinne a mháthair gearán agus chuir sí a imní in iúl dúinn faoi na rudaí seo a leanas:

- Na deacrachtaí a bhí ag teaghlach John san ionad soláthair dhíriú. Áiríodh orthu seo fadhbanna codlata de bharr torann agus deacrachtaí le béilí a réiteach dá gcuid leanaí
- Easpa tacaíochta teaghlaigh ginearálta
- Chuir máthair John iarratas isteach ar aistriú chuig ionad eile chun na saincheistanna seo a mhaolú
- Tairgeadh aistriú chuig ionad, ach ní hé an t-ionad ar iarr sí air
- Ní raibh máthair John cinnte an raibh an rogha aici an t-ionad aistrithe seo a dhiúltú.




Cad a rinneamar

Chuamar i dteagmháil leis an RIA agus d'iarramar ar shoiléiriú ar na pointí thuas. Bhí imní ar leith againn maidir leis an gcaoi ar cuireadh an tairiscint aistrithe in iúl sa litir do mháthair Eoin. Tairgeadh aistriú go hionad ná iarr sí air agus moladh di gur chóir socrúithe a dhéanamh chun bogadh i gceann seachtaine. Níor cuireadh in iúl sa litir an fáth ar tairgeadh ionad difriúil ón gceann ar iarr sí air ná níor cuireadh in iúl an bhféadfaí an tairiscint a dhiúltú.

D'fhreagair an RIA agus mhínigh sé na cúiseanna le suíomh difriúil a thairgeadh do theaghlach John in ionad an suíomh ar sí iarr air. Bhraith an RIA go mbeadh an socrú codlata agus na háiseanna cócaireachta sa suíomh nua níos oiriúnaí do riachtanais theaghlach John. Ghlac an RIA leis nach raibh sé soiléir sa litir an fáth a raibh an t-ionad nua á thairiscint agus nach raibh sé soiléir an fáth dár leis an RIA go mbeadh sé níos oiriúnaí don teaghlach. Glacadh leis freisin nár mhíníodh sa litir go raibh rogha acu an tairiscint aistrithe a dhiúltú.

D'fhiosraíomar freisin an raibh iarratas aistrithe de theaghlach John go dtí an suíomh bunaidh roghnaithe fós ar oscailt toisc nach raibh sé seo curtha in iúl don teaghlach.

D'fhéachamar freisin ar shoiléiriú ar na céimeanna a d'fhéadfaí a thógáil go háitiúil chun imní an teaghlach a mhaolú agus a bhí orthu fanacht san ionad.



Toradh

D'admhaigh an RIA gur chóir dóibh a gcuid chúiseanna a leagan síos maidir le haistriú malartach a thairgeadh do theaghlach John. Ba chóir go gcuirfeadh in iúl sa litir seo chomh maith go raibh sé de cheart ag máthair John an t-aistriú seo a dhiúltú. Chuir an RIA in iúl go gcuirfidh sé an fhaisnéis seo isteach i litreacha aistrithe amach anseo.

Chuir an RIA in iúl dúinn freisin go ndeachaigh sé i dteagmháil le bainistíocht an ionaid ina bhfuil teaghlach John ina chónaí faoi láthair chun athruithe a eagrú go háitiúil chun tacú le teaghlach John. Áiríodh leis na hathruithe seo insint do theaghlach John nuair a bheadh seomra cuí ar fáil ar thaobh níos ciúine den fhoirgneamh, go mbeidís ábalta bogadh. Tugadh an rogha don teaghlach na béilí lónadóra a chur ar leataobh dóibh le haghaidh ama a bheadh ní b'áisiúla dóibh.

De bhun ár scrúdaithe, d'aontaigh an RIA measúnú a dhéanamh an bhféadfaí eisceacht a dhéanamh chun aistriú a shocrú go dtí a suíomh roghnaithe, ar choinníoll go mbeadh spás ar fáil.

Bhíomar in ann teacht ar an tuairim ag an bpointe seo bunaithe ar na gealltanais a thug an RIA maidir le cumarsáid fheabhsaithe d'iarrthóirí aistrithe. Molaimid chomh maith go leanfadh an RIA ar aghaidh ag lorg tacaíochtaí don teaghlach ó na gníomhaíocht cuí.

1) The child's right you think is most important
and why

The right I think is most important is a home
because so many children are on the streets
right now and I don't think it's fair.



Fatima: Roinn sí seomra lena máthair san ionad cóiríochta

Thug máthair buarthaí chun solais thar ceann a hiníne, Fatima, ocht mbliana d'aois. Bhí sí buartha faoin drochthionchar a bhí á imirt ag a drochshláinte féin ar a hiníon a chónaigh léi i seomra in ionad Soláthair Dhírig. Mhol an mháthair go raibh a seomra féin ag teastáil ag an leanbh ionas go mbeadh sí ábalta spraoi, sos a thógáil, ar mhaithe a príobháideachta agus le hábhair inní an linbh a bhain le sláinte a mháthair a íoslaghdú.

Rinne an máthair iarratas ar aistriú chuig cóiríocht níos mó laistigh den ionad. Níorbh fhéidir le bainistíocht an ionaid di cén uair a mbeadh cóiríocht níos mó ar fáil agus an t-aon mholadh a rinneadh don teaghlach ná iarradh ar aistriú chuig ionad difriúil. Mhínigh an mháthair dúinn go raibh sí ag iarraidh fanacht san ionad céanna, toisc go raibh a cuid leanaí socraithe isteach sa cheantar le cairde agus sna scoileanna.

Rinne an máthair teagmháil leis an RIA trína shuíomh gréasáin faoin chás seo ach ní bhfuair sí freagra. Ina theannta sin, rinne roinnt gairmithe leighis teagmháil leis an ionad chun abhcóideacht a dhéanamh thar ceann an teaghlaigh seo i bhfianaise a gcuid riachtanas casta.



Cad a rinneamar

Chuamar i dteagmháil leis an RIA, lenar tugadh cur síos ar an ngearán agus ag iniúchadh na féidearthachta maidir le réiteach áitiúil. D'fhreagair an RIA gur réitigh bainistíocht an ionaid an cheist trí chóiríocht níos mó a sholáthar don teaghlach laistigh den áis.

Toradh


Dhúnamar an cás cur cuireadh sásamh ar fáil don teaghlach. D'ainneoin seo, bhí imní orainn nár thug an RIA freagra don teagmháil a rinne an mháthair ar líne. Ina theannta sin, tugadh cóip don RIA den chomhfhreagras idir bainistíocht an ionaid agus gairmí leighis inar dearbhaíodh na socruithe codlata agus na riachtanais chasta dá dtagraítear. Cé gur luaigh bainistíocht an ionaid agus an RIA nach raibh siad ar an eolas faoi riachtanais shonracha an teaghlaigh, níor iarr siad ar aon soiléiriú ón máthair nó ó na gairmithe míochaine a rinne abhcóideacht thar ceann an teaghlaigh. Spreagamar an RIA a chinntiú go dtugann sé freagra díreach ar gach teagmháil a fhaigheann sé, agus go gcuireann siad faisnéis chuí ar fáil go tráthúil.





OmbudsmanForChildren @OCO_ireland · 21 Oct 2017

Slua dochreidte bailithe don imeacht #Equality17. Tá comhionannas agus cearta iomlán tuillte ag gach leanbh, is cuma cad as dóibh.



OmbudsmanForChildren @OCO_ireland · 8 Nov 2017

Lá iontach le @limerickyouth. Go raibh maith agaibh as an gcuireadh! Cuimhní, tá cearta leanaí tábhachtach inniu, amárach agus amach anseo.



Caibidil 4

Ceartha agus Leas Leanaí á gCur chun cinn

4.1. Ról Oifig an Ombudsman do Leanaí i gcur chun cinn cearta agus leas leanaí

Faoi Alt 7 den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 (arna leasú), tá sainchúram reachtúil ar an Ombudsman do Leanaí cearta agus leas leanaí a chur chun cinn. Mar thoradh air seo tá na dualgais seo a leanas i measc ar an Ombudsman do Leanaí:

- comhairle a thabhairt don Rialtas maidir le forbairt agus comhordú polasaí a bhaineann le leanaí
- comhlachtaí poiblí, scoileanna agus ospidéal dheonacha a spreagadh chun polasaithe, cleachtais agus nósanna imeachta a fhorbairt a chuireann chun cinn cearta agus leas leanaí.
- eolas a bhailiú agus a scaipeadh ar ábhair a bhaineann le cearta agus leas leanaí
- feasacht a chur chun cinn i measc an phobail, i measc leanaí chomh maith, ar chúrsaí a bhaineann le cearta leanaí, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.
- aird a tharraingt ar ábhair a bhaineann le cearta agus leas leanaí agus atá ina n-ábhar imní iad do leanaí.
- faisnéis a mhalartú agus comhoibriú leis an Ombudsman do Leanaí i dtíortha eile.
- monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar oibríocht reachtaíochta a bhaineann le hábhair um chearta agus leas leanaí.
- monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 agus moltaí a dhéanamh nuair is gá chun an tAcht a leasú.
- dul i gcomhairle le leanaí agus aird chuí a thabhairt dá gcuid tuairimí de réir a n-aoise agus a dtuisceana
- Comhairle a thabhairt don Rialtas maidir le haon ábhar a bhaineann le cearta agus leas leanaí, lena n-áirítear an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag aon mholadh i leith reachtaíochta.

Faoi Alt 7 (3) d'Acht 2002 (arna leasú), féadfaidh an tOmbudsman do Leanaí taighde a dhéanamh, a chur chun cinn nó a fhoilsiú freisin ar ábhar ar bith a bhaineann le cearta agus leas leanaí.

4.2. Clár feasachta agus oideachais um chearta

Ceardlanna oideachais um chearta do leanaí agus do dhaoine óga

Le linn na bliana 2016, reáchtáladar ceardlanna oideachais rialta ar chearta leanaí do ghrúpaí leanaí agus daoine óga a thug cuairt ar n-oifig lena scoileanna agus lena seirbhísí óige. Is cuid chroílárnach iad na ceardlanna seo ar ár gclár um fheasacht cearta agus oideachais do leanaí agus do dhaoine óga. Is deis luachmhar iad seo dúinn chun teagmháil dhíreach a dhéanamh le leanaí agus daoine óga d'aoiseanna éagsúla, atá ina gcónaí in áiteanna éagsúla den tír agus i gcúinsí éagsúla.

Thug os cionn 950 leanbh agus duine óg ó bhunscoileanna, iarbhunscoileanna agus seirbhísí óige i 17 contae le linn 2017 chun foghlaim faoinár gcuid oibre agus faoi chearta leanaí, agus chun plé a dhéanamh ar a gcaoi a bhaineann siad le cearta leanaí in Éirinn. Mar a bhí sna blianta roimhe seo, thug na ceardlanna seo deis iontach dúinn éisteacht leis na leanaí agus leis na daoine óga faoi shaincheistanna a bhaineann le cearta leanaí a bhfuil suim acu iontu agus a bhfuil imní orthu fúthu.

Ceardlanna do leanaí agus do dhaoine óga atá ina gcónaí i Soláthar Díreach

In Aibreán 2017, soiléiríodh sainchúram Oifig an Ombudsman do Leanaí maidir le déileáil le gearáin a bhaineann le hionaid Soláthair Dhíreach. Thosaigh Aonad Gearán agus Imscrúduithe na hOifige láithreach chun feasacht a mhúscailt i measc cónaitheoirí, bainistíochta agus baill foirne d'ionaid Soláthair Dhíreach maidir leis an ról atá ag Oifig an Ombudsman do Leanaí i leith déileála le gearáin. Chun an obair seo a chomhlánú, phleanáil, dhear agus sheachaid ár n-Aonad Rannpháirtíochta agus Oideachais ceardlanna do leanaí agus do dhaoine óga atá ina gcónaí i Soláthar Díreach.


Ba é cuspóir foriomlán na gceardlann seo feasacht a ardú maidir le cearta na leanaí, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, i measc leanaí agus daoine óga faoi bhun 18 bliain d'aois atá ina gcónaí i Soláthar Díreach. Le tacaíocht ón nGníomhaireacht um Fháiltiú agus um Chomhtháthú (RIA) agus ó bhainistíocht agus ó fhoireann na n-ionad, sheachadamar 23 ceardlann do 176 leanbh agus duine óg i 10 ionad Soláthair Dhíreach ar fud na tíre i rith mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna 2017. Ba iad seo na hionaid a bhí i gceist: Óstán Eglinton i gCo. Na Gaillimhe; Ionad cóiríochta Naomh Phádraig i gCo. Mhuineacháin; Mosney i gCo. Na Mí; Ionad cóiríochta Bhaile Átha Luain i gCo. Na hIarmhí; The Old Convent i gCo. Mhaigh Eo; Globe House i gCo. Shligigh; Ionad cóiríochta Bhóthar Chionn tSáile i gCo. Chorcaí; Ocean View i gCo. Phort Láirge; agus Atlas House agus Johnston Marina i gCo. Chiarraí.

Ag glacadh cur chuige a bhí dírithe ar ghníomhaíocht agus ag baint úsáide as modheolaíochtaí éagsúla, thugamar tacaíocht do leanaí agus do dhaoine óga páirt a ghlacadh sna ceardlanna chun cearta leanaí a iniúchadh, lena n-áirítear i gcomhthéacs a saol laethúil, agus chun saincheisteanna a ardú a bhaineann le cearta leanaí a mheasann siad a bheith tábhachtach.

I rith 2018, tá sé beartaithe againn ceardlanna den chineál céanna a sheachadadh do leanaí agus do dhaoine óga sna 12 ionad Soláthair Dhíriú eile a chuireann cóiríocht ar fáil do theaghlaigh le leanaí.

It'syourright.ie

Is ardán tiomnaithe é 'Is é do Cheart é' ag ardú feasachtaí ar chearta leanaí i measc leanaí agus daoine óga in Éirinn. Le linn 2017, leanamar ar aghaidh ag forbairt ár suíomh Gréasáin *It's Your Right (Is é do Cheart é)* mar mhol ar líne le haghaidh faisnéise leanaí a thacaíonn leis an óg maidir le cearta leanaí, le béim ar leith ar chearta leanaí in Éirinn. Ag glacadh cur chuige téamach, tá sé mar aidhm ag an suíomh, faisnéis inrochtana a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga a bhaineann le cearta leanaí, lena n-áirítear staitisticí agus faisnéis ábhartha faoi fhorbairtí dlí agus beartas poiblí a dhéanann difear do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn. Chomh maith le naisc a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga le foinse faisnéise breise, soláthraítear naisc ar réimse leathan d'ábhair acmhainne oideachais do mhúinteoirí agus d'oideachasóirí.



Agus aird a thabhairt ar an aiseolas a fuairamar ó dhaoine óga a ghlac páirt inár gcomhairliúchán Tune In 2016 san áireamh, d'oibríomar i rith 2017 freisin chun ár bealaí meáin shóisialta *It's Your Right* (Facebook agus Instagram) a fhorbairt, d'fhonn na bealaí seo a chur chun cinn tuilleadh chun eolas a thabhairt do dhaoine óga faoina gcearta.

Leanfaimid orainn ag forbairt *Its Your Right* i rith 2018.

Cearta Leanaí a Fhíorú

Sa chomhairliúchán *Bí Linn* i 2016 iarradh ar thuirimí leanaí agus daoine óga maidir leis an gcaoi ar chóir dúinn feasacht a ardú maidir le cearta leanaí i measc leanaí agus daoine óga sa todhchaí. Ba mhinic a aithníodh an scoil mar an áit inar mhaith le páistí agus daoine óga faisnéis a fháil faoi chearta leanaí. Ba mhinic a aithníodh múinteoirí, mar aon le tuismitheoirí / caomhnóirí, mar na daoine a raibh muinín ag leanaí agus daoine óga iontu agus go mbeadh siad sásta faisnéis a fháil uathu faoi chearta leanaí.

I bhfianaise na dtorthaí seo, chinneamar an 28 Meán Fómhair, 2017 comóradh 25ú de dhaingniú na hÉireann Coinbhinsiún na NA

um Chearta an Linbh, sraith nua d'ábhair acmhainne oideachais a chur le chéile. Arna forbairt ag foireann oideachaisithe a bhfuil go leor taithí acu ag an Ionad um Chearta an Duine agus Oideachas Saoránachta, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, tá sé mar aidhm ag ár n-ábhair ¹¹*Ceartha Leanaí a Fhíorú* cabhair a thabhairt do mhúinteoirí cearta leanaí a iniúchadh lena gcuid daltaí i gcomhthéacs teagasc curaclaim agus foghlama ag leibhéil bhunscoile agus iar-bhunscoile.

Sa sraith ábhar cuimsítear gníomhaíochtaí foghlama do leanaí sna Naíonáin Bheaga agus Mhóra ag an leibhéal bunscoile suas go daoine óga san Idirbhliain agus sa tSraith Shinsearach ag an leibhéal meánscoile. Chun tacú leis na múinteoirí le gníomhaíochtaí a chur chun feidhme, cuimsítear ábhar póstaer, sleamhnáin agus comhad tacaíochta do mhúinteoirí sa sraith.

Clár léachta agus seimineáir do mhic léinn tríú leibhéal

Tá an clár á reáchtáil againn do mhic léinn tríú leibhéal ó 2012 ar leith. Tríd an gclár seo tá sé mar aidhm againn:

- tuiscint na rannpháirtithe a fhorbairt maidir le cearta leanaí agus, ábharthacht cearta leanaí ach go háirithe de réir mar a bhaineann sé lena gcleachtas gairmiúil féin.
- cleachtas agus cinnteoireacht dírithe ar an leanbh a spreagadh, lena n-áirítear trí scrúdú a dhéanamh ar an gcás-staidéar a éiríonn as an obair a dhéanaimid i láimhseáil gearán
- feachtas na rannpháirtithe a ardú faoi fheidhmeanna reachtúla agus obair reachtúil Oifig an Ombudsman do Leanaí.

Le linn 2017, thugamar 10 seimineár do mhic léinn iarchéime agus fochéime i seacht n-institiúid tríú leibhéal - Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe Mhaigh Eo, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus Institiúid Oideachais Marino. D'fhreastail thart ar 260 mac léinn ar na seimineáir seo a bhí ag déanamh cáilíochtaí fochéime agus iarchéime san oideachas, oideachas luath-óige, oideachas agus cúram luath-óige, obair shóisialta, cosaint leanaí, agus staidéir leanaí agus óige.

Thugamar léachtaí freisin do thart ar 40 mac léinn fochéime a bhí i mbun Baitsiléir Eolaíochta sa tSláinte agus sa Sochaí ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus go 120 mac léinn iarchéime a bhí i mbun Máistreacht Gairmiúla san Oideachas in Ollscoil Mhaigh Nuad.

11 Tá ábhair *Ceartha Leanaí a Fhíorú* ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge agus is féidir iad a íoslódáil ónár láithreán gréasáin ag www.oco.ie/childrens-rights/education-materials/

4.3. Comhairliúchán le leanaí agus le daoine óga

Comhairliúchán le daoine óga faoin mBreatimeacht

I mí Meithimh 2016, vótáil an Ríocht Aontaithe chun an AE a fhágáil. Ní rabhthas ag súil leis an toradh seo agus ní raibh na himpleachtaí iomlána den Bhreatimeacht soiléir agus níl siad fós soiléir. Cé gurb é leanaí an lae inniu an chéad ghlúin a bheidh orthu déileáil leis an tionchar iomlán den Bhreatimeacht, ní dhearnadh mórán breithnithe ar an tionchar a bheadh aige ar leanaí, ar dhaoine óga agus ar a dteaghlaigh atá ina gcónaí ar fud oileán na hÉireann.

Le linn an dara leath de 2017, chomhoibríomar le Coimisinéir Thuaisceart Éireann um Leanaí agus Daoine Óga (NICCY) grúpa stiúrtha de dhaoine óga ar fud na hÉireann a thabhairt le chéile chun imeacht ar chearta leanaí agus ar an mBreatimeacht a phleanáil. Bunaíodh an grúpa stiúrtha seo le cúnamh ó Chomhairle Náisiúnta na nÓg agus Foróige sa dheisceart agus ó Ionad Dlí do Leanaí agus Fóram Óige Thuaisceart Éireann sa tuaisceart. D'oibrigh na daoine óga le chéile ar feadh ceithre mhí chun comhdháil a phleanáil, a eagrú agus a reáchtáil - Is ár mBreatimeacht é Freisin: Cearta Leanaí, Guthanna Leanaí - a tharla san Iúr an 8 Samhain 2017.

Ghlac breis is 120 duine óg ó gach cuid d'Éirinn páirt sa chomhdháil seo, chomh maith le roinnt ceannairí polaitiúla agus sibhialta ón dá thaobh den teorainn. Reáchtáil comhaltaí óga ón ngrúpa stiúrtha an comhdháil, le rannchuidí ón Tánaiste, Simon Coveney TD (trí theachtaireacht físe), Fo-Rúnaí Stáit Parlaiminte do Thuaisceart Éireann, Chloe Smyth MP, Mairead McGuinness FPE, Jim Nicholson FPE, an Dr Fergal Lynch, Ard-Rúnaí na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige i bPoblacht na hÉireann, agus Paul Brush, Ceann Caidrimh Todhchaí an AE, an Oifig Fheidhmiúcháin (Rialtas TÉ).

Chuir an chomhdháil spás ar fáil do dhaoine óga a gcuid tuairimí, dóchais agus imní a chur in iúl maidir le himpleachtaí an Breatimeachta dá gcearta. I measc na saincheisteanna a phléigh siad bhí oideachas, féiniúlacht agus neamh-idirdhealú, cosaint leanaí, sairse gluaiseachta, sláinte, míchumas, saol an teaghlaigh, caighdeán maireachtála, agus leanaí neamh-AE a bhfuil cosaint speisialta ag teastáil uathu. Agus é sin á dhéanamh, d'aithin siad bealaí ina bhféadfadh a gcearta a bheith faoi bhagairt mar gheall ar na chinntí a bhaineann leis an mBreatimeacht.

Tá tuarascáil ar an gcomhdháil agus tuarascáil achoimre ar na príomhtheachtaireachtaí agus moltaí ón gcomhdháil ar fáil ar ¹²Shuíomh Gréasáin Oifig an Ombudsman do Leanáí.

Tá sé ar intinn againn go gcuirfidh na tuairiscí seo leis an bplé leanúnach atá ann maidir leis an mBreatimeacht agus tá sé beartaithe againn iad a scaipeadh chomh leathan agus is féidir. Tá súil againn go spreagfaidh an obair seo na príomh-imreoirí go léir sa Ríocht Aontaithe agus sa 27 Ballstát Eorpach a aithint go bhfuil rud le rá acu siúd nach bhfuil vóta acu, agus go bhfuil neart ag daoine óga le cur leis an bplé faoin gcuma a chóir a bheith ar Éirinn, ar na Ríocht Aontaithe agus ar an Eoraip i ndiaidh an Bhreatimeachta.



12 www.oco.ie/news/report-young-people-aims-influence-brexit/


Comhairliúchán le daoine óga faoi sheirbhísí meabhairshláinte

I rith 2017, thugamar faoi chomhairliúchán tiomanta le daoine óga a fhaigheann cúram agus cóireáil othair chónaithigh le haghaidh a gcuid meabhairshláinte. Rinneadh an comhairliúchán seo de réir ár n-oibleagáidí reachtúla faoi alt 7 d'Acht 2002 (arna leasú) chun dul i gcomhairle leis na hábhair imní atá ag leanaí agus daoine óga chomh maith leis na gníomhartha straitéiseacha atá leagtha amach inár bPlean Straitéiseach 2016-2018.

Ba é aidhm fhoriomlán an chomhairliúcháin seo ná eispéiris agus dearcadh na ndaoine óga, a fhaigheann cúram agus cóireáil othair chónaithigh dá meabhairshláinte, maidir lena dturas trí na seirbhísí meabhairshláinte.

Tá sé aonad meabhairshláinte othair chónaithigh in Éirinn do leanaí agus do dhaoine óga atá faoi bhun 18 mbliana d'aois. Tar éis cruinnithe tosaigh, lig cúig cinn de na haonaid seo dúinn comhairliúchán a phleanáil agus a chur i bhfeidhm le daoine óga faoina gcúram. Ar an iomlán bhí 66 leaba sna haonaid seo agus i gceist bhí:

- Aonad Othair Chónaithigh Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh 'Linn Dara' (CAMHS), Ospidéal Ghort na Síliní, Baile Átha Cliath
- Aonad Ógánaigh Gharrán na Sailí, Ospidéal Ollscoile Naomh Pádraig, Baile Átha Cliath
- Suite Ginesa, Ospidéal Naomh Eoin Dé, Baile Átha Cliath
- Aonad Othair Chónaithigh Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS), Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, Gaillimh
- 'Éist Linn' Aonad Othair Chónaithigh Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS), Bessborough, An Dúcharraig, Corcaigh.



Ar an gcéad dul síos, bhuaileamar leis na daoine óga i ngach aonad chun Oifig an Ombudsman do Leanaí agus an chomhairliúchán a chur in aithne dóibh. Tar éis toiliú na dtuismitheoirí a fháil, thugamar tacaíocht do gach duine óg a bhí ag iarraidh páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán chun ainmneacha cleite a roghnú dóibh féin (d'fhonn a gcuid príobháideachta a chosaint) agus cinneadh a dhéanamh ar an gcaoi ar mhaith leo a gcuid tuairimí a roinnt linn (mar shampla, trí líníocht, péinteáil, grianghrafadóireacht, filíocht, agallamh leathstruchtúrtha). Ina dhiaidh sin, d'éascaíomar do na daoine óga páirt a ghlacadh ann chun béim a chur ar shaincheistanna a bhain lena dturas faoi seach trí sheirbhísí meabhairshláinte tríd an meán ar fearr leo a úsáid agus trí cheist leathan a fhreagairt:

- *Cad a bhí cabhrach?*
- *Cad a bhí dúshlánach?*
- *Cad iad na hathruithe ar na seirbhísí meabhairshláinte do dhaoine óga ar mhaith leat a fheiceáil?*

Ghlac cúigear is fiche duine óg idir 14 agus 17 bliain d'aois páirt sa chomhairliúchán. Tháinig an chomhairliúchán i gcrích i mí na Nollag 2017 agus tá sé beartaithe againn tuarascáil a fhoilsiú i rith 2018 a chuirfidh béim ar na tuairimí agus na smaointe a roinn na daoine óga linn.

Cúnamh le comhairliúchán le leanaí faoi sheirbhísí scolóise

I 2017, d'iarr Grúpa Ospidéal na Leanaí (CHG) ar ár gcúnamh le comhairliúchán a dhearadh agus a chomhordú chun tacú le leanaí agus le daoine óga a gcuid tuairimí agus smaointe a chur in iúl do thionscnamh comhdheartha an CHG maidir le seirbhísí scolóise do leanaí don todhchaí. Is comhpháirtíocht é an tionscnamh seo idir gairmithe, teaghlaigh agus abhcóidí chun feabhas a chur ar sheirbhísí scolóise d'othair phéidiatraiceacha ar fud na tíre.

I mí na Samhna 2017, reáchtáladh dhá cheardlann comhairliúcháin ag Oifig an Ombudsman do Leanaí chun tacú le leanaí agus le daoine óga a bhfuil taithí acu ar sheirbhísí scolóise a úsáid chun a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir leis an méid atá agus nach bhfuil ag éirí leis sna seirbhísí atá ann faoi láthair agus conas is féidir na seirbhísí a fheabhsú sa todhchaí.

Ghlac 13 leanbh agus duine óg idir 9 agus 18 bliain d'aois páirt sa chomhairliúchán. Le cabhair ó bhaill Chomhairle Comhairleach na nÓg (YAC) d'ospidéal na leanaí agus trí mhodheolaíochtaí bunaithe ar ghníomhaíocht, labhair na leanaí agus na daoine óga a ghlac páirt ann faoina gcuid taithí ar sheirbhísí scolóise agus roinn siad a gcuid tuairimí agus a gcuid smaointe maidir le réimse saincheistanna, lena n-áirítear liostaí feithimh, seirbhísí othair sheachtracha, seirbhísí othair chónaithigh, máinliacht agus cúram iarobráide.

Tuigeann Oifig an Ombudsman do Leanaí gur aithin an grúpa comhdheartha 10 prionsabal chun feabhas a chur ar sheirbhísí scolóise do leanaí. Tá foireann bunaithe ag an CHG chun cur i bhfeidhm na 10 phrionsabal seo a phleanáil agus bíonn an grúpa comhdheartha ag tionól gach ráithe i ról faireacháin agus maoirseachta.

4.4. Ag cur chun cinn polasaithe, cleachtas agus nósanna imeachta atá fabhrach do leanaí

Tuarascáil ar Scolóis mar Shaincheist um Chearta Leanaí

I mí an Mhárta 2017, d'fhoilsíomar tuarascáil a rinne scrúdú ar staid na leanaí a bhí ag feitheamh ar chóireáil scolóise mar shaincheist um chearta leanaí.¹³ Sa tuarascáil, cuimsítear na teistiméireachtaí de thriúr dhuine óga a raibh amanna feithimh fada acu le haghaidh a n-obráidí scolóise.

Inár dtuarascáil leagadh béim ar an bhfíric gur míréadúil iad na liostaí feithimh atá i bhfeidhm agus na spriocanna a leag an FSS síos, mar gheall ar an riocht scolóise agus an fhulaingt a bhí ann do na leanaí. Mholamar nach gcaithfeadh aon leanbh a bhfuil scolóis aige fanacht níos faide ná ceithre mhí ón uair a chinntear go cliniúil go bhfuil gá le hobráid agus ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na bacainní air seo agus iad a dhíothú. Mholamar chomh maith gur chóir don Roinn Sláinte anailís ar an suíomh a dhéanamh ar chleachtais, ar shaincheistean agus ar bhonneagar atá ann cheana maidir le seachadadh seirbhísí máinliachta scolóise pédiatraiceacha in Éirinn, agus gur chóir é seo a choimisiú nó agus a fhoilsiú.

Chuireamar fáilte roimh fhoilsiú an *Phlean Gníomhaíochta* Liosta Feithimh Scolóise i mBealtaine 2017 agus rinneadh an gealltanas nach mbeidh aon leanbh a bhfuil obráid ag teastáil uaidh fanacht níos mó ná ceithre mhí le haghaidh comhleá dromlaigh agus le haghaidh gnáthamh dromlaigh eile faoi dheireadh 2017. Leanamar orainn ag déanamh monatóireacht ar fhorbairtí sa réimse seo i rith 2017, lena n-áirítear trí chomhfhreagras a dhéanamh leis an Roinn Sláinte ar roinnt uaireanta chun nuashonruithe a lorg maidir le cur i bhfeidhm an *Phlean Gníomhaíochta*.

Dhearbhaigh an FSS agus an Roinn Sláinte go gcoinneofar an sprioc de cheithre mhí i 2018 agus ina dhiaidh sin do gach othar a meastar go cliniúil go bhfuil obráid ag teastáil uathu. In 2018, leanfaimid orainn ag déanamh monatóireacht ar fhorbairtí maidir le cóireáil scolóise do leanaí agus cur i bhfeidhm na moltaí a rinneamar inár dtuarascáil.



13 Áir dTuarascáil 'Waiting for Scoliosis Treatment: A Children's Rights Issue' (Ag Feitheamh ar Chóireáil Scolóise: Saincheist um Chearta Leanaí ar fáil ar ár láithreán gréasáin ag www.oco.ie/library/waiting-scoliosis-childrens-rights-issue/

Cúram Sláinte a thacaíonn le leanaí san ospidéal

I mí na Samhna 2016, sheolamar comhthionscnamh atá á dhéanamh againn le Bord Grúpa Ospidéal na Leanaí agus trí ospidéal leanaí i mBaile Átha Cliath - Ospidéal Mhuire Leanaí, Cromghlinn, Ospidéal Ollscoile na Leanaí Shráid an Teampaill, agus Ospidéal Náisiúnta na Leanaí, Tamhlacht.

Ag teacht le roinnt dár n-oibleagáidí reachtúla faoi Alt 7 d'Acht 2002 (arna leasú), is é an cuspóir foriomlán a bhaineann leis an gcomhthionscnamh seo ná creatlach ceart leanaí a úsáid chun éisteacht le tuairimí leanaí, daoine óga, tuismitheoirí/caomhnóirí, foireann ospidéal agus bainistíochta maidir le seachadadh seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga san ospidéal, agus na tuairimí seo a chur san áireamh.

Is é an cur chuige atá againn maidir le héisteacht le tuairimí rannpháirtithe ná an léirshamhail, *Uirlisí um Mheasúnú agus Feabhsúchán Ceart Leanaí in Ospidéal* (2012), a d'fhorbair an Tascfhórsa ar 'Chur chun cinn na Sláinte do Leanaí agus do Dhéagóirí in agus ag Ospidéil agus Seirbhísí Sláinte' (Gréasán Idirnáisiúnta um Ospidéil agus Sheirbhísí Sláinte i gCur Chun Cinn Sláinte), a chur in oiriúint dó. Sainaithníodh seo mar léirshamhail ar dhea-chleachtas chun cúram sláinte fabhrach do leanaí a chur chun cinn i dtaighde a rinne an OCC dúinn sa bhliain 2013, agus is cur chuige é atá dírithe ar leanaí, a bhfuil meas ar chearta ann agus i gcur chun cinn ceart, agus atá ionchuimsitheach. Déanann sé soláthar do phróiseas inbhuanaithe, timthriallach de dhearbhu cáilíochta.

Tar éis sheoladh an chomhthionscnaimh *Joining the Dots: Connecting Voices for Child-Friendly Healthcare in Hospital (Na Poncanna a nascadh: Guthanna a Nascadh le haghaidh Cúram Sláinte san Ospidéal a Thacaíonn le Leanaí)* i mí na Samhna 2016, d'oibríomar i rith 2017 chun ceistneoirí a thabhairt chun críche do leanaí idir 6-11 bliana d'aois, daoine óga idir 12-17 mbliana d'aois, tuismitheoirí / caomhnóirí leanaí agus daoine óga san ospidéal, agus foireann agus bainistíocht ag obair sna trí ospidéal.

Cuireadh an tionscnamh i bhfeidhm ina dhiaidh sin thar thréimhse sé seachtaine ó dheireadh mhí an Mheithimh go dtí tús mhí Lúnasa 2017. Roinn níos mó ná 2,500 leanbh, duine óga, tuismitheoir / caomhnóir, ball foirne agus an lucht bainistíochta sna trí ospidéal leanaí a gcuid tuairimí trí cheistneoir a chomhlánú. I measc na n-ábhar ar cuireadh fáilte roimh na rannpháirtithe a gcuid tuairimí agus smaointe a chur in iúl bhí: faisnéis agus cumarsáid; deiseanna do leanaí agus do dhaoine óga a gcuid tuairimí a nochtadh maidir le cinntí a bhaineann leo; teagmháil leanaí agus daoine óga le tuismitheoirí / caomhnóirí le linn a gcuid ama san ospidéal; príobháideacht; sos agus súgradh / fóillíocht; oideachas agus foghlaim; an timpeallacht fhisiceach san ospidéal; cosaint leanaí; agus bainistíocht phéine.

Táimid buíoch as an ionchur agus an tacaíocht a thug Coiste Stiúrtha an tionscnaimh, an lucht bainistíochta agus an fhoireann i ngach ospidéal agus baill den Chomhairle Comhairleach Óige (YAC) chomh maith chun an tionscnamh a phleanáil agus a chur i bhfeidhm sna trí ospidéal. Táimid an-bhuíoch as an gcúnamh a sholáthar foireann agus oibríthe deonacha de Leanaí in Ospidéal Éireann (CHI) agus go háirithe don obair

a rinne saorálaithe CHI chun tacú le leanaí, le daoine óga agus le tuismitheoirí na ceistneoirí a líonadh isteach sna trí ospidéal.

Le linn an fhómhair i 2017, rinneadh torthaí na gceistneoirí a chomhdhlúthú agus a anailísiú agus cuireadh tús le hobair chun tuarascáil agus tuairisc achoimre a ullmhú, ina ndéanfar torthaí an tionscnaimh a dhoiciméadú. Tá súil againn go bhfoilseofar an tuarascáil agus an tuairisc achoimre seo le linn 2018.


Láimhseáil gearáin atá dírithe ar leanaí

Le linn 2017 d'fhorbraíomar ¹⁴*Guide to Child-Centred Complaints Handling (Treoir maidir le Láimhseáil Gearáin atá dírithe ar pháiste)*. Is é cuspóir na Treorach seo spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí a chuireann seirbhísí ar fáil do leanaí, agus a ghlacann cinntí a mbíonn tionchar acu ar leanaí, ionas go mbeidís ábalta déileáil le gearáin de réir dea-chleachtais agus ar bhealach atá dírithe ar an leanbh.

Mar a chuireamar béim air sa *Treoir*, d'fhonn a bheith dírithe ar an leanbh, tá sé ríthábhachtach breithniú a dhéanamh ar chearta na leanaí nuair a dhéileáil le gearáin a dhéanann dífead do leanaí. I gceist anseo, ní mór breithniú cuí a dhéanamh ar mhaithe le leas na bpáistí agus aird a thabhairt ar a gcuid tuairimí ar fud an phróisis ghearáin. Thar aon rud eile, i gcur chuige atá dírithe ar an leanbh maidir le déileáil le gearáin, agus atá i gcomhréir le nósanna imeachta cothroma um ghearáin, coinnítear béim chomhsheasmhach ar an leanbh nó ar na leanaí a bhfuil gearán ag baint leo, lena n-áirítear an chaoi a mbeidh tionchar ag na saincheisteanna a ardaítear, ag toradh beartaithe an phróisis, agus ag aon ghníomh leantach orthu.

Díríonn ár *Treoir* ar na prionsabail bhunúsacha de dhea-chleachtas seo a leanas a leagan amach maidir le déileáil le gearáin arna ndéanamh ag leanaí nó ar a son, chomh maith le bearta a fhéadfar a dhéanamh chun na prionsabail sin a chur i bhfeidhm i gcleachtas:

- oscailteacht agus inrochtaineacht
- leas an linbh
- rannpháirtíocht leanaí
- trédhearcacht agus cumarsáid
- tráthúlacht
- cothroime
- monatóireacht agus athbhreithniú




14 Tá an Treoir ar fáil le híoslódáil ar ár láithreán gréasáin ag www.oco.ie/library/guide-child-centred-complaints-handling/

Faightear an t-eolas don *Treoir* ónár n-eispéireas fairsing maidir le déileáil le gearáin agus ó hathbhreithniú litríochta, a rinne an Clinic Dlí um Leanaí, Scoil an Dlí ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh d'Oifig an Ombudsman do Leanaí. San athbhreithniú seo ionchorpraíodh anailís ar chaighdeáin chearta leanaí ábhartha agus ar thionscnaimh i dtíortha eile chun dea-chleachtais a chur chun cinn maidir le gearáin a bhaineann le leanaí a láimhseáil. D'fhéach sé freisin ar staidéir idirnáisiúnta ina chuimsítear tuairimí na leanaí agus na ndaoine óga faoi na próisis ghearáin a bhfuil taithí acu orthu i réimse leathan d'earnálacha.

Ghabhaimid buíochas le agus is mian linn aitheantas a thabhairt don aiseolas dearfach a fuairamar maidir leis an dréacht leathdhéanach den *Treoir* a sholáthar Rannóg um Dhearbhú agus Fíorú Cáilíochta an FSS agus Rannóg na gCigireachta agus na Scoileanna de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Tá súil againn go dtabharfaidh ár *dTreoir* tacaíocht d'eagraíochtaí atá freagrach as polasáithe a fhorbairt, as seirbhísí a sholáthar agus as cinntí a dhéanamh a dhéanann difear do leanaí chun déileáil le haon ghearán a d'fhéadfaidís a fháil ó leanaí nó thar ceann leanaí ar bhealach atá dírithe ar an leanbh.



4.5. Comhairle a thabhairt maidir le reachtaíocht agus beartas

I rith 2017, rinneamar aighneachtaí maidir le raon forbairtí i reachtaíocht agus beartas poiblí a dhéanann difear do chearta agus do leas leanaí. I measc ár gcuid oibre sa réimse seo bhí rannpháirtíocht le hAirí an Rialtais agus leis an Oireachtas.

Feabhra 2017

- Cruinniú leis an Aire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton TD, chun réimse saincheistenna a bhaineann le hoideachas a phlé

Márta 2017


- Cur i láthair don Chomhchoiste Oireachtais um Oideachas agus Scileanna maidir leis an mBille Oideachais (Leasú) 2015 agus An Scéim Ghinearálta le haghaidh an Bhille Oideachais (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí) 2016
- Aighneacht chuig an gComhchoiste Oireachtais um Leanaí agus Gnóthaí Óige ar Scéim Ghinearálta an Bhille um Chúram Leanaí (Leasú) 2017
- Aighneacht chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le ról na reiligiúin i bpróiseas iontrála na scoile

Aibreán 2017

- Cur i láthair don Chomhchoiste Oireachtais um Leanaí agus Gnóthaí Óige ar Scéim Ghinearálta an Bhille um Chúram Leanaí (Leasú) 2017
- Aighneacht chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir leis an mBille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2016

Bealtaine 2017

- Cruinniú leis an iar-Aire Stáit den Roinn Sláinte a bhfuil freagracht ar leith aige as Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta, Helen McEntee, TD
- Rannpháirtíocht i bhfóram arna eagrú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le Ról Reiligiúin i bPróiseas Ligean Isteach sna Scoileanna.



Meitheamh 2017

- Aighneacht chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir leis an mBille um Fhoréigean Baile 2017
- Aighneacht chuig an gComhchoiste Oireachtais um Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar Scéim Ghinearálta an Bhille um Chosaint Sonraí 2017



Iúil 2017


- Cur i láthair don Choiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid maidir le seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn

Meán Fómhair 2017

- Rannpháirtíocht i Díospóireacht Beartais Oscailte arna réachtáil ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir lena hathbhreithniú ar an Acht um Chúram Leanaí 1991

Samhain 2017

- Cruinniú leis an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Eoghan Murphy, TD chun saincheisteanna a bhaineann le leanaí agus le teaghlaigh gan dídean a phlé
- Cruinniú leis an Aire Stáit sa Roinn Sláinte a bhfuil freagracht ar leith aige as Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta, Jim Daly, TD, chun forbairtí a phlé maidir le soláthar seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus do dhaoine óga



An Bille um Fhoréigean Baile 2017

I mí Mheithimh, rinneamar aighneacht chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir leis an mBille um Fhoréigean Baile 2017 Inár n-aighneacht, chuireamar fáilte roimh an aidhm atá leagtha síos ag an mBille seo chun cosaintí a chur ar fáil d'íospartaigh foréigean teaghlaigh chomh maith le forálacha sonracha chun cion coiriúil nua a chruthú maidir le pósadh éigeantais agus an díolúine do phósadh faoi aois a bhaint.

Dhírigh ár n-aighneacht ar an gcaoi a bhféadfaí an reachtaíocht a fheabhsú tuilleadh chun cosaint a thabhairt do chearta na leanaí atá ag fulaingt nó atá nochta d'fhoréigean teaghlaigh a chosaint, lena n-áirítear maidir le hiarratais ar orduithe cúirte faoin mBille agus ar inrochtaineacht bhearta cosanta speisialta. Maidir leis seo, is é ár dtuairim go gcaithfear aitheantas a thabhairt do leanaí, ní hamháin mar 'chleithiúnaithe' an íospartaigh, ach freisin mar shealbhóirí cearta atá ina bhfinnéithe agus ina n-íospartaigh araon d'fhoréigean teaghlaigh. Má mhéadaítear an infheictheacht chomhfhreagrach do leanaí sa Bhille, bheadh an reachtaíocht a neartú i bhfad níos láidre.

Sa Bhille foráiltear go ndéanfaí 'saineolaí ar thuairimí linbh' a cheapadh chun tuairimí leanaí a bhfuil baint acu le himeachtaí foréigean baile a fháil amach, i gcás ina measann an chúirt gur gá an ceapachán sin a dhéanamh. Cé go bhfuil fáilte roimh an bhfócas seo ar cheart an linbh éisteacht a fháil, tugtar rogha suntasach do na cúirteanna leis an bhforáil agus dá bhrí sin d'fhéadfadh neamhréireachtaí a bheith i gcleachtas. Ina theannta sin, tá inní orainn maidir leis an bhforáil a dhéantar sa Bhille maidir le táillí agus costais a íoc le saineolaí ar thuairimí linbh, rud atá cosúil le foráil choibhéiseach i gCuid 63 den Acht um Chaidrimh Leanáí agus Teaghlaigh 2015. Cé go n-aithnímid an rogha a thugtar don chúirt maidir le cé pháirtí nó páirtithe in imeachtaí sonracha, a mbeidh sé de cheangal orthu táillí agus costais a bhaineann le híocaíocht den saineolaí ar thuairimí an linbh, tá inní orainn go bhféadfadh cleachtadh cheart an linbh éisteacht a fháil a bheith ag brath ar na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don pháirtí nó do na páirtithe lena mbaineann.

Go ginearálta, léiríonn an fhoráil seo dúinn gur cosúil go bhfuil cur chuige neamhchinnte ar bhonn treallach á glacadh ag ranna an Rialtais maidir le ceart leanaí éisteacht a fháil i reachtaíocht phríomha a bhaineann le himeachtaí cúirte a dhéanann difear do leanaí. Rinneadh foráil, mar shampla, chun caomhnóirí ad litem a cheapadh in imeachtaí cúraim leanaí agus chun saineolaithe ar thuairimí linbh a cheapadh in imeachtaí dlí teaghlaigh príobháideacha agus in imeachtaí um fhoréigean teaghlaigh, gan soiléireacht chuí a sholáthar faoi na difríochtaí, más ann dóibh, atá idir na grúpaí gairmiúla sin. Maidir leis seo, iarramar ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais na rialacháin a bhaineann le saineolaithe ar thuairimí leanaí a shainaitheint agus a fhoilsiú mar thosaíocht.

Leanfaimid orainn ag spreagadh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus na Roinne Leanáí agus Gnóthaí Óige chun a gcuid iarrachtaí a chomhordú d'fhonn tacú le bunú agus acmhainní cuí a thabhairt do chomhlacht reachtúil neamhspleách a bhfuil sainchúram soiléir chun bainistíocht a dhéanamh agus a sholáthraíonn seirbhís neamhspleách a éascaíonn do leanáí éisteacht a fháil i gcomhthéacs cúraim, dlí teaghlaigh, foréigean baile agus imeachtaí cúirte ábhartha eile a dhéanann difear dóibh.

I mí na Nollag 2017, scríobh an tOmbudsman do Leanáí chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an tAire Stáit um Chomhionannas, Inimírce agus Comhtháthú chun leanúint ar aghaidh lenár gcuid moltaí maidir leis an mBille um Fhoréigean Baile 2017 agus chun fáilte a chur roimh leasuithe ar an mBille sa Seanad, lena n-áirítear an cion nua maidir le rialú comhéigneach agus síneadh d'incháilitheacht orduithe sábháilteachta agus cosanta do dhaoine i gcaidrimh phearsanta agus thiomanta nach bhfuil ina gcónaí le chéile.

Táimid tar éis monatóireacht a dhéanamh ar an mBille seo agus é ag dul trí Dháil Éireann ag tús na bliana 2018.



Scéim Ghinearálta an Bhille um Chosaint Sonraí 2017

Foilsíodh Scéim Ghinearálta an Bhille um Chosaint Sonraí 2017 an 12 Bealtaine 2017. Is iad aidhmeanna sonraithe na reachtaíochta seo ná tuilleadh éifeachta a thabhairt don Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS), a thiocfaidh i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018; agus Treoir (AE) 2016/680 a trasú sa dlí náisiúnta; agus an Coimisiún um Chosaint Sonraí a chur in ionad an Choimisinéara Cosanta Sonraí in Éirinn.

Mar fhreagairt ar chuireadh ó Chomhchoiste an Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus Comhionannais, chuireamar ár réamhbhreathnú ar Scéim Ghinearálta an Bhille um Chosaint Sonraí 2017 faoi bhráid an Choiste i mí an Mheithimh 2017. Agus fáilte a chur ar an deis atá ann anois mar gheall ar an RGCS agus an reachtaíocht nua um chosaint sonraí maidir le cearta cosanta sonraí de leanaí agus de dhaoine óga atá faoi bhun 18 mbliana d'aois a neartú, bhí ár n-aighneacht dírithe ar roinnt bealaí inar féidir an reachtaíocht a neartú chun tuilleadh infheictheachta a thabhairt do leanaí agus tuilleadh éifeachta a thabhairt do chearta leanaí.

Bhí ár n-aighneacht dírithe ar raon de shaincheisteanna, lena n-áirítear cearta na leanaí san aois dhigiteach, úsáid idirlín i measc leanaí agus daoine óga in Éirinn, infheictheacht leanaí sa reachtaíocht atá beartaithe, aois toilithe dhigiteach, cumarsáid atá dírithe ar leanaí agus feasacht a ardú i measc leanaí agus daoine óga maidir lena gcearta cosanta sonraí.

D'fhonn a léiriú an tábhacht a bhaineann le leanaí a aithint mar shealbhóirí cearta agus aird chuí a thabhairt ar chearta leanaí sa timpeallacht ar líne, rinneamar roinnt moltaí, lena n-áirítear:

- ba cheart deis a thabhairt do leanaí a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir le gnéithe den reachtaíocht a bhaineann leo agus ba cheart a gcuid tuairimí a chur san áireamh
- ba cheart go mbeadh sainmhíniú sainráite sa reachtaíocht ar an 'leanbh' agus ba cheart go mbeadh an sainmhíniú seo i gcomhréir leis an sainmhíniú ar an leanbh faoi Airteagal 1 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh
- ba cheart go bhforáiltear sa reachtaíocht gurb ionann an aois toilithe dhigiteach agus 13 bliana d'aois
- ba cheart don reachtaíocht foráil shoiléir a dhéanamh maidir leis an maolú atá leagtha amach in Aithris 38 den RGCS maidir le seirbhísí coiscitheacha nó comhairleoireachta a thairgtear go díreach do leanaí
- ba cheart go gcuirtear dualgas sainráite sa reachtaíocht ar rialtóirí sonraí, faisnéis a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga agus cumarsáid a dhéanamh leo i bhformáidí agus i dteanga shoiléir inrochtana.

D'fhoilsigh an Comhchoiste Oireachtais um Dlí agus Cirt agus Comhionannais a tuarascáil maidir lena scrúdú réamh-reachtaíochta ar an Scéim Ghinearálta i mí na Samhna 2017. Tá áthas orainn go bhfuil béim láidir ar leanaí i dtuairimí agus i moltaí an Choiste, lena n-áirítear i bhfianaise na moltaí a rinneamar.

Maidir leis an aois toilithe dhigiteach, mholamar inár n-aighneacht chuig comhairliúchán ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais i 2016 maidir leis an aois toilithe dhigiteach agus iná ¹⁵n-aighneacht ina dhiaidh sin chuig Coiste an Oireachtais ar Scéim Ghinearálta an Bhille um Chosaint Sonraí 2017 gur cheart go bhforáiltear i reachtaíocht na hÉireann aois níos ísle de 13 bliana d'aois.

Dár linn, má fhoráiltear do 13 bliana d'aois mar an aois toilithe dhigiteach, tugtar cuntas níos oiriúnaí ar úsáid idirlín na leanaí agus na ndaoine óga agus an ról lárnach atá ag an timpeallacht ar líne ina saol. Thairis sin, creidimid go bhfuil foráil dá leithéid i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta um chearta leanaí toisc go léiríonn sé cur chuige níos comhréirí maidir le cearta éagsúla an leanaí atá i gceist, chomh maith leis na deiseanna agus na rioscaí a thugann an timpeallacht ar líne do leanaí agus do dhaoine óga. Maidir leis seo, táimid den tuairim go bhféadtar cur chuige níos iomláine agus níos caolchúisí a chur chun cinn maidir le dul i ngleic le rioscaí a d'fhéadfadh a bheith os comhair daoine óga agus a bhíonn siad ar líne má bhíonn an aois thoilithe digiteach ag 13 bliana d'aois.

Mar a léirigh Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh ina chuid Tráchtá Ghinearálta 2016 maidir le cearta an linbh a chur chun feidhme le linn ógántachta, is príomhghné de chur chuige dá leithéid é an t-oideachas atá dírithe ar litearthacht dhigiteach na ndaoine óga a fhorbairt. Creidimid go bhfuil ról lárnach ag an oideachas maidir le tacú le cearta leanaí chun príobháideachais agus chun cosanta ó dhíobháil sa timpeallacht ar líne agus chun leanaí agus daoine óga a éascú chun leas a bhaint as na deiseanna dearfacha a chuireann an t-idirlíon ar fáil. Maidir leis seo, is dóigh linn go gcaithfear breithniú a dhéanamh ar litearthacht dhigiteach a phríomhshruthú mar shraith lárnach d'inniúlachtaí agus scileanna a dtacaítear le leanaí a fhorbairt ó aois óg i gcomhthéacs a n-oideachas foirmiúil. Tá sé tábhachtach freisin go bhfaigheann tuismitheoirí / caomhnóirí tacaíocht bhreise chun a gcuid litearthachta dhigiteach féin a neartú ionas go mbeidh an chumhacht acu cinntí eolasacha a dhéanamh nuair a chuideoidh siad lena gcuid leanaí nuair a bhíonn siad ar líne ar bhealach slán, measúil agus chun déileáil le haon rioscaí a d'fhéadfadh a bheith rompu ar bhealach cuí.

Tá Oifig an Ombudsman do Leanáí ar an eolas faoin obair atá á dhéanamh cheana féin ag roinnt gníomhaireachtaí in Éirinn chun litearthacht dhigiteach leanaí, daoine óga agus tuismitheoirí / caomhnóirí a neartú. Ag cur san áireamh gurb é ceann de chúraimí

15 Ar fáil ag www.oco.ie/library/observations-general-scheme-data-protection-bill-2017/

an Choimisiúin um Chosaint Sonraí atá beartaithe ná “feasacht agus tuiscint an phobail a chur chun cinn faoi na rioscaí, na rialacha, na gcosaintí agus na cearta maidir le próiseáil” (Airteagal 57 (1) (b) den RGCS) agus “go bhfaighidh gníomhaíochtaí a dhíríonn go sonrach ar leanaí cosaint shonrach” maidir leis seo, creidimid go gcaithfear aird a thabhairt ar conas a d’fhéadfadh gníomhaireachtaí éagsúla in Éirinn cur chuige comhordaithe agus, nuair is cuí, comhoibríoch a ghlacadh in Éirinn chun a chinntiú go mbíonn an t-eolas agus na scileanna, a bhíonn ag teastáil ó dhaoine chun an timpeallacht ar líne a threorú go sábháilte mar shaoránaigh dhigiteacha inniúla ag leanaí agus daoine óga.

Go ginearálta, ós rud é go bhféadfadh na ceisteanna a d’fhéadfadh teacht chun cinn do leanaí agus do dhaoine óga sa timpeallacht ar líne a bheith casta agus leathan, táimid den tuairim go bhfuil gá le cur chuige trasearnála, il-geallsealbhoírí chun sraith bhearta a fhorbairt agus a chur chun cinn tuilleadh - lena n-áirítear bearta oideachais - chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo ar bhealach comhordaithe, a aimsíonn cothromaíocht do chearta leanaí sa timpeallacht seo go cuí.

An Bille Uchtála (Faisnéis agus Lorgaireacht), 2016

D’fhoilsigh an tAire Leanáí agus Gnóthaí Óige Scéim Ghinearálta an Bhille Uchtála (Faisnéis agus Lorgaireacht) 2015 i mí Iúil 2015. Dhírigh ár n-aighneacht i mí na Samhna 2015 ar ghnéithe den Scéim Ghinearálta a bhain le leanaí. Ina dhiaidh sin, foilsíodh an Bille Uchtála (Faisnéis agus Lorgaireacht) 2016 i mí na Samhna 2016. Áirítear leis an mBille seo toimhde ginearálta i bhfabhar faisnéis a nochtadh do dhaoine a uchtaíodh maidir lena bhreith agus lena n-uchtú agus foráiltear treoir reachtúil d’Údarás Uchtála na hÉireann agus do na cúirteanna nuair a iarrtar orthu cothromaíocht a aimsiú idir cearta iomaíochta maidir le nochtadh faisnéise aitheantais.

I rith 2017, bhíomar i mbun oibre leis an Aire Leanáí agus Gnóthaí Óige agus leis an Roinn Leanáí agus Gnóthaí Óige (DCYA) chun aird a tharraingt ar ár n-ábhar inní faoi dhofheictheacht chearta leanáí uchtaíthe sa Bhille 2016, d’ainneoin go bhaineann codanna de Bhille 2016 go díreach le leanaí uchtaíthe atá faoi bhun 18 mbliana d’aois. I measc na saincheisteanna sonracha a d’ardaíomar maidir leis seo, bhí

- Easpa d’aon tagairt ar mhaithe le leas agus tuairimí an linbh uchtaíthe sna hailt sin den Bhille 2016 a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis a bhaineann leis an leanbh uchtaíthe ag tuismitheoir uchtaíthe an linbh agus ag tuismitheoir breithe an linbh.
- Tost Bhille 2016 ó thaobh chearta aitheantais an linbh agus easpa d’aon fhoráil sa Bhille a chuirfeadh leanbh uchtaíthe ar a chumas iarratas a dhéanamh ar fhaisnéis a bhaineann leis / léi

- neamhréireachtaí de réir cosúlachta sa Bhille 2016 maidir leis an méid a bhféadfadh tuismitheoir uchtála faisnéis mhíochaine agus sláinte neamh-aitheantais a fháil maidir lena leanbh uchtaithe, ag brath ar shealbhóir na faisnéise dá leithéid.

Cuirimid fáilte roimh na nodanna a tugadh i rith 2017 go ndéanfar leasú ar an mBille 2016 chun na moltaí a rinneamar maidir le tuairimí an linbh a fhionnadh agus leanbh uchtaithe a éascú chun iarratas a dhéanamh chuig an nGníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh le haghaidh faisnéise a bhaineann leis / léi a fháil.

Déanfaimid monatóireacht ar fhorbairtí maidir leis an reachtaíocht seo le linn 2018 agus tá súil againn go rachaidh an Bille chun cinn gan mhoill mhíchuí.

Scéim Ghinearálta an Bhille um Chúram Leanaí (Leasú) 2017

I mí an Mhárta 2017, rinneamar aighneacht chuig an gComhchoiste Oireachtais um Leanaí agus Gnóthaí Óige ar Scéim Ghinearálta an Bhille um Chúram Leanaí (Leasú) 2017. Is é cuspóir luaite na Scéime Ghinearálta seo ná a chinntiú go bhféadfar seirbhís chaomhnóra ad lítem (GAL) inbhuanaithe d'ardchaighdeán a sholáthar ar mhaithe an líon is mó de leanaí agus a chinntiú go bhféadfar éisteacht lena gcuid tuairimí in imeachtaí cúraim leanaí.

Cé go gcuirimid fáilte roimh na cuspóirí seo agus leis an mbunú atá beartaithe de sheirbhís GAL a bheidh eagraithe agus bainistithe go náisiúnta, molaimid roinnt athruithe ar an gcreat reachtaíochta atá beartaithe d'fhonn a chinntiú go n-urramaítear cearta leanaí ar bhealach níos iomláine. Go háirithe, táimid den tuairim go gcaithfear taca a chur faoi athchóiriú reachtaíochta sa réimse seo tríd aitheantas a thabhairt do GALanna mar sheirbhís do leanaí go príomha chun éifeacht a thabhairt dá gcearta bunreachtúla.

Sa Scéim Ghinearálta foráiltear don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige seirbhís náisiúnta GAL a bhunú trí sholáthar poiblí. Chuireamar imní in iúl faoin gcur chuige seo inár n-aighneacht agus mholamar an bunú de chomhlacht reachtúil neamhspleách, agus acmhainní cuí a thabhairt dó, a mbeidh freagrach ar leith aige as maoirseacht a dhéanamh ar cheapadh, oiliúint agus feidhmíocht na GALanna. Chuireamar imní in iúl freisin maidir le haon ról a bheadh ag an nGníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh i maoiniú an tseirbhís GAL náisiúnta, mar atá molta sa Scéim Ghinearálta. Ina theannta sin, tuigimid go bhfuil béim na dréacht-reachtaíochta seo ar sheirbhís GAL náisiúnta a bhunú chun tacú leis na leanaí éisteacht a fháil i gcomhthéacs imeachtaí cúraim a dhéanann difear dóibh. Mar sin féin, táimid den tuairim, mar atá thuasluaite i ndáil leis an mBille um Fhoréigean Baile (2017), go mbeadh sé inmhianaithe seirbhís náisiúnta neamhspleách a bhunú ar bhonn reachtúil, a bheadh freagracht aige as tacú le leanaí éisteacht a fháil i gcineálacha difriúla d'imeachtaí breithiúnacha a dhéanann difear dóibh - mar shampla, imeachtaí cúraim, imeachtaí dlí teaghlaigh, imeachtaí dlí coiriúla, agus imeachtaí faoin Acht Meabhair-Shláinte 2001.

I mí Aibreáin 2017, chuireamar ár dtuairimí agus aighneachtaí i láthair don Chomhchoiste Oireachtais um Leanaí agus Gnóthaí Óige. Ina dhiaidh sin, chuir an Coiste tuarascáil faoi bhráid an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige i mBealtaine 2017 mar chuid den phróiseas mionscrúdaithe réamhrechtach. Agus tagairt á déanamh dár gcuid moltaí, chuir an Coiste an tuairim ar aghaidh nár chóir go mbeadh an tseirbhís GAL faoi réir an phróisis soláthair de réir mar atá molta sa Scéim Ghinearálta. Ina ionad sin, ba cheart é a chur ar bun mar chomhlacht reachtúil neamhspleách. Mhol an Coiste freisin nár chóir go mbeadh baint ag an nGníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh i soláthar an tseirbhís GAL.

I mí na Nollag 2017, chuir an RLGÓ in iúl dúinn gur cheadaigh an Rialtas seirbhís náisiúnta GAL a bhunú laistigh d'Oifig Feidhmiúcháin RLGÓ ar bhonn eatramhach agus go n-aistreofar an caiteachas ábhartha a luaithe agus a bheidh an Oifig seo bunaithe, ón Gníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh chuig an RLGÓ. Cuirimid fáilte roimh na forbairtí seo mar chéim thábhachtach chun a chinntiú go bhfuil an tseirbhís GAL náisiúnta neamhspleách, cuntasach, trédhearcach agus inbhuanaithe. Leanfaimid orainn ag plé leis an RLGÓ maidir leis an ábhar seo agus leis an reachtaíocht a bhaineann leis.



Athbhreithniú ar an Acht um Chúram Leanaí 1991

De réir tiomantais i *dTorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Fearr - An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014-2020*, chuir an RLGÓ tús le próiseas dhá bhliana i 2017 chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht um Chúram Leanaí 1991. Is iad aidhmeanna an athbhreithnithe seo ná an méid atá ag éirí go breá leis laistigh den reachtaíocht a aithint; aghaidh a thabhairt ar na bearnaí a aithníodh agus ar réimsí nua atá le forbairt; forbairtí reatha reachtaíochta, beartais agus cleachtais a ghabháil; agus, ag tógáil ar na céimeanna seo, an reachtaíocht bhunaidh a athbhreithniú.

Le cuspóir sonraithe maidir le cúram agus cosaint leanaí a sholáthar, leagtar amach in Acht 1991 na himthosca agus an tslí inar féidir leis an Stát idirghabháil a dhéanamh i saol leanaí agus teaghlach i gcás nach bhfuil na leanaí ag fáil cúraim agus cosanta leordhóthanaigh agus i gcás go mbíonn idirghabháil dá leithéid mar chúis leis an Stát áit na dtuismitheoirí a ghlacadh. Mar sin, is píosa reachtaíochta an-suntasach é an tAcht 1991 ós rud é go bhféadfadh gníomhartha agus cinntí a ghlacann an Stát faoi na forálacha sin tionchar mór a imirt ar leanaí atá i gcásanna leochaileacha agus ar theaghlaigh a bhfuil dúshláin shuntasacha rompu.

D'aithin an RLGÓ, d'ainneoin leasuithe a rinneadh ar an Acht 1991, go raibh go leor de na príomhfhorálacha i bhfeidhm le breis agus 25 bliain. Mar thoradh air sin, féadtar a rá nach bhfuil an tAcht 1991 cothrom le dáta ag leibhéal bunúsach: díreach i ndiaidh Daingniú na hÉireann de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh agus an cur isteach d'Alt 42A sa Bhunreacht i bhfad níos déanaí, leis an Acht 1991 foráiltear do chur chuige leasa i gcoitinne seachas cur chuige bunaithe ar chearta chun cúram agus cosaint leanaí a sholáthar. Cuirimid fáilte roimh an athbhreithniú reatha mar dheis thábhachtach don Stát a thiomantas a dhearbhu agus taca reachtúil cuí a thabhairt dá oibleagáidí chun cearta na leanaí a mbíonn tionchar ag forálacha an Achta orthu a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh. Leis an deis seo a ghlacadh, tabharfar tús áite do leanaí a chur beidh béim ann ar infheictheacht chearta leanaí a neartú san Acht de 1991. I gceist freisin leagfar amach cad a éilíonn an Stát agus cad a bhfuil sé ag súil leis ón nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla), ó na cúirteanna, ón nGarda Síochána agus ó ghníomhaithe eile maidir lena ról agus a bhfreagrachtaí faoin Acht a chomhlíonadh de réir cearta agus leas na leanaí.

Cuirimid fáilte roimh chur chuige comhairliúcháin an RLGÓ maidir leis an athbhreithniú toisc gur thacaíonn sé le rannpháirtíocht le raon leathan de pháirtithe leasmhara. Le linn 2017, thionólamar le foireann an RLGÓ atá ag obair ar an athbhreithniú agus ghlacamar páirt i nDíospóireacht Beartais Oscailte a reáchtáil an RLGÓ i mí Mheán Fómhair 2017 maidir leis an athbhreithniú.

Táimid den tuairim go bhfuil sé tábhachtach go nglacfaidh an RLGÓ cur chuige bunaithe ar chearta maidir leis an bpróiseas athbhreithnithe é féin. Maidir leis seo, chuireamar nóta gairid

faisnéise ar fáil don RLGÓ i mí Iúil 2017, inar leagadh amach cad a d'fhéadfadh a bheith i gceist i gcur chuige dá leithéid. Mar chuid lárnach de chur chuige dá leithéid, cinnteofar go dtabharfar fiordheiseanna do leanaí agus daoine óga, a bhfuil tionchar ag an reachtaíocht orthu ar bhealach amháin nó níos mó, a gcuid eispéiris agus a dtuairimí a roinnt. Mar sin, cuirimid fáilte roimh leideanna ón RLGÓ go bhfuil sé beartaithe tuairimí leanaí agus daoine óga a lorg mar chuid den phróiseas athbhreithnithe.

I mí na Nollag 2017, fuaireamar cuireadh ón RLGÓ páirt a ghlacadh i bpróiseas comhairliúcháin i scríbhinn maidir leis an gcaoi is fearr le hathchóiriú agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Acht de 1991. Chomh maith le haighneacht scríofa a dhéanamh, leanfaimid orainn ag plé le próiseas athbhreithnithe an RLGÓ, de réir mar is gá agus is cuí, i rith 2018.

An Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), 2016

Roimhe seo, thug Oifig an Ombudsman do Leanaí comhairle ar Scéim Ghinearálta an Bhille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2013 agus rinne sé tuairimí breise don Aire Oideachais agus Scileanna tar éis an Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2015 a fhoilsiú. I mí Iúil 2016, d'fhoilsigh an tAire Oideachais agus Scileanna an Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2016. Chuireamar ¹⁶ comhairle faoin mBille seo faoi bhráid i mí Aibreáin 2017.

I roinnt réimsí tábhachtacha, níor tugadh aghaidh ar ár n-imní agus ar na moltaí comhfhreagracha a chuireamar in iúl roimhe seo sa Bille 2016, sa mhéid agus a d'fhéadfadh aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear maidir le:

- an critéar maidir le hiarscoláirí
- sonrú d'áiteanna scoile do leanaí faoi chúram
- dul i gcomhairle le leanaí ionas go bhféadfaidh a gcuid tuairimí a chur san áireamh i gcomhthéacs na hoibre chun an reachtaíocht seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- na meicníochtaí maoirseachta i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú polasaithe iontrála scoile.

I mí Lúnasa 2017, leanamar le roinnt moltaí breise a bhaineann le hAlt 7 den Bille 2016, a bhí in ionad Alt 29 den Acht Oideachais 1998. Gríosaíonn muid an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) chun breithniú breise a dhéanamh ar na hábhair seo sula gcuirfear i gcrích an Bhille.

Tá sé níos mó ná ceithre bliana anois ó foilsíodh Scéim Ghinearálta an Bhille 2013. Cé go bhfuileamar ar an eolas faoi na dúshláin a bhaineann leis an reachtaíocht seo a thabhairt chun críche, tá súil againn go dtabharfar an píosa reachtaíochta thábhachtach seo chun críche go sásúil gan mhoill mhíchúí.

16 Ar fáil ar www.oco.ie/library/advice-ombudsman-childrens-rights-education-admission-schools-bill-2016/

Ról na reiligiún in iontrálacha scoile

I mí Eanáir 2017, chuir an tAire Oideachais agus Scileanna tús le comhairliúchán poiblí maidir le ról na reiligiún i bpróiseas iontrála na scoile I mí an Mhárta 2017, chuireamar 17tuairimí faoi bhráid an Roinn Oideachais agus Scileanna agus mholamar gurb é aisghairm iomlán d'Alt 7(3)(c) den Acht um Stádas Comhionann 2000 an t-aon rogha a bhí faoi bhreithniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, rud a ligfeadh do rochtain neamh-idirdhealaitheach do gach leanbh bunscoile arna maoiniú ag an Stát.

I mí an Mheithimh 2017, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna go gcuirfeadh sé moltaí reachtacha ar aghaidh chun an tAcht um Stádas Comhionann a leasú lena chinnteofar nach mbeidh bunscoileanna sainchreidmheacha arna maoiniú ag an Stát in ann idirdhealú a dhéanamh ar bhonn reiligiún ina bpolasaithe iontrála. Cé go n-aithnítear é seo mar chéim shuntasach agus dhearfach, moltar go bhféadfadh creidimh mhionlaigh leanúint le reiligiún a úsáid mar chritéar sa phróiseas iontrála chun a n-éiteas a chosaint i gcásanna ina mbíonn ró-éileamh orthu. Thathantaíomar ár n-éileamh ar Alt 7 (3) (c) den Acht um Stádas Comhionann a aisghairm go hiomlán ar an mbonn go n-éilíonn cur chuige cearta leanáí maidir leis an ábhar seo nach ndéanfaidh scoil ar bith arna maoiniú go poiblí idirdhealú ar aon fhoras, lena n-áirítear reiligiún.

I nDeireadh Fómhair 2017, léirigh an tAire Oideachais agus Scileanna go raibh breithniú á dhéanamh maidir le leasú an Bhille Oideachais (Iontráil chuig Scoileanna) 2016 chun aghaidh a thabhairt ar an 'mbacáinn bhaiste' seachas Bille ar leith a thabhairt isteach chun na críche sin. Cuirimid fáilte roimh an bhforbairt seo agus táimid den tuairim gur chóir déileáil le saincheisteanna a bhaineann le hiontrálacha scoile sa Bille céanna, chun ilroinnt a sheachaint agus chun ligean do na saincheisteanna dul in éineacht a gcéile trí na nósanna imeachta agus na cosaintí atá leagtha amach sa phróiseas reachtaíochta.



17 Ar fáil ag www.oco.ie/library/oco-observations-on-role-of-religion-in-school-admissions/

Scéim Ghinearálta an Bhille Oideachais (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí) 2016 agus an Bille Oideachais (Leasú) 2015

Tugadh an Bille Oideachais (Leasú) 2015 isteach mar Bhille Chomhalta Phríobháidigh sa Dáil i mí Dheireadh Fómhair 2015, leis an aidhm d'Ombudsman um Oideachas a bhunú. Ina dhiaidh sin, d'fhoilsigh an tAire Oideachais agus Scileanna Scéim Ghinearálta an Bhille Oideachais (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí) 2016 i mí na Nollag 2016, leis an aidhm luaite d'fheabhas a chur ar rannpháirtíocht idir scoileanna, scoláirí agus tuismitheoirí.

Is ábhar imní d'Oifig an Ombudsman do Leanaí le roinnt blianta anuas é an bhfíric gur neamhiomlán agus neamhréireach iad na struchtúir láimhseála gearán sa chóras oideachais foirmiúil. Maidir leis seo, léiríonn ár dtaithí ar ghearáin a bhaineann le hoideachas a scrúdú gur féidir deacrachtaí teacht chun cinn nuair a dhéileálar le gearáin i scoileanna aonair. I bhfianaise ár dtaithí shuntasach sa réimse seo, rinneamar aighneacht chuig Comhchoiste an Oireachtais um Oideachas agus Scileanna i mí an Mhárta 2017 maidir le Scéim Ghinearálta an Bhille Oideachais (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí) 2016 agus an Bille Oideachais (Leasú) 2015.

Cé go bhfuilimid den tuairim go bhfuil gá le roinnt leasuithe a dhéanamh ar an reachtaíocht atá beartaithe maidir le Cairt Tuismitheora agus Scoláire d'fhonn a chinntiú go n-ionchorprófar go hiomlán cur chuige bunaithe ar chearta leanaí, cuirimid fáilte roimh an rún beartais atá mar bhunús leis an gcreat reachtach seo agus roimh an deis a thugtar leis na tograí chun dea-bhunús reachtúil a sholáthar chun tacú le cur chuige bunaithe ar chearta agus dírithe ar leanaí maidir le cinnteoireacht i scoileanna. Cé go dtacaímid leis an mbéim ar chultúr cinnteoireachta a chur chun cinn i scoileanna, rud a laghdóidh na hábhair imní a bhíonn mar chúis le gearáin fhoirmiúla, cuirfimid fáilte roimh an bhfíric go gcuirfidh na moltaí tacaíocht reachtaíochta ar fáil do nósanna imeachta gearáin áitiúla i scoileanna agus do chur chuige comhsheasmhach i scoileanna chun déileáil le gearáin. Maidir leis seo, mheasamar an méid atá molta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna sa Scéim Ghinearálta maidir le ról Oifig an Ombudsman do Leanaí.

Maidir leis an mBille Oideachais (Leasú) 2015, táimid buíoch as an rún atá taobh thiar den Bhille seo maidir le cuntasacht na scoileanna i leith a gcinnteoireacht a neartú. Mar sin féin, chuireamar roinnt imní in iúl inár n-aighneacht faoi na himpleachtaí atá ag roinnt de na moltaí a cuireadh ar aghaidh sa Bhille seo.

I mí na Samhna 2017, d'fhoilsigh Comhchoiste um Oideachas agus Scileanna a thuarascáil ar an mionscrúdú



ar an mBille Oideachais (Leasú) 2015 agus An Scéim Ghinearálta le haghaidh an Bhille Oideachais (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí) 2016. Cuirimid fáilte roimh aitheantas an Choiste den Scéim Ghinearálta le haghaidh an Bhille Oideachais (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí) mar an “rogha is fearr” chun aghaidh a thabhairt ar an reachtaíocht phríomha maidir leis an mbealach chun déileáil le gearáin scoile.

I mí Eanáir 2018, thug an Chomh-Aireacht cead don Aire Oideachais agus Scileanna dul ar aghaidh leis an mBille Oideachais (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí) a dhréachtú. Tá sé beartaithe againn tuilleadh oibre a dhéanamh leis an ROS le linn 2018 maidir leis an mBille seo.

Coiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid ar Sheirbhísí Meabhair-Shláinte do Leanaí in Éirinn

Mar a leagtar amach inár bPlean Straitéiseach 2016-2018, tá an tsaincheist maidir le meabhairshláinte leanaí mar thosaíocht d'Oifig an Ombudsman do Leanaí. I measc na ngeallsealbhóirí ar bhuail an tOmbudsman do Leanaí leo le linn 2017 chun dul chun cinn a spreagadh i ndáil le soláthar meabhairshláinte do leanaí bhí; an tIar-Aire Stáit sa Roinn Sláinte a bhfuil freagracht ar leith aige as Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta, Helen McEntee, TD agus an tAire Stáit reatha, Jim Daly, TD.

I mí Aibreáin 2017, tugadh cuireadh dúinn aighneacht a dhéanamh chuig Coiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid maidir le seirbhísí meabhairshláinte do leanaí in Éirinn. I measc na ¹⁸moltaí a thugamar don Choiste bhí:

- forbairt de straitéis chuimsitheach nua neamhspleách de chuid an Rialtais atá dírithe go sonrath ar riachtanais mheabhairshláinte na leanaí agus na daoine óga (*Fís d'Athrú* nua agus neamhspleách do leanaí)
- aitheantas reachtúil ar cheart leanaí ar sheirbhísí meabhairshláinte d'ardchaighdeán atá dírithe ar an leanbh
- deireadh a chur leis an gcleachtais maidir le leanaí a ligean isteach d'aonaid shíciatracha do dhaoine fásta mar ábhar práinne
- seirbhís abhcóideachta agus faisnéise meabhairshláinte a bhunú go sonrath do leanaí.

Leagamar béim freisin ar an ngá atá le tuilleadh seirbhísí meabhairshláinte luath-idirghabhála agus le tuilleadh coisc uilechoiteann, inrochtana agus bunaithe ar fhianaise ag leibhéal an phobail. Chuaigh an tOmbudsman do Leanaí ina dhiaidh sin roimh Choiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid i mí Iúil 2017 chun plé a dhéanamh ar sheirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus chun na moltaí seo a leagan amach.

¹⁸ Available at www.oco.ie/library/submission-seanad-public-consultation-committee-childrens-mental-health-services-ireland/

D'fhoilsigh Coiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid a thuarascáil ar sheirbhísí meabhairshláinte do leanaí in Éirinn i mí Dheireadh Fómhair 2017. Chuireamar fáilte roimh mholtaí an Choiste agus creidimid go gcuirtear roinnt réitigh cuiditheach ar fáil sa tuarascáil a chuirfeadh feabhas ar sheirbhísí meabhairshláinte do leanaí.

Cuirimid fáilte roimh an bhfoirseachán de mhí na Nollag 2017 de thuarascáil ¹⁹An Tascfhórsa Náisiúnta um Meabhairshláinte don Óige, a bunaíodh i 2016 chun ceannaireacht náisiúnta a sholáthar i réimse meabhairshláinte don óige agus chun ionadaithe ó earnálacha reachtúla, deonacha, poiblí, príobháideacha agus óige a thabhairt le chéile. Tá roinnt de na moltaí a rinneadh sa tuarascáil seo ailínithe leis na tosaíochtaí gníomhaíochta atá aitheanta againn, lena n-áirítear bunú de Sheirbhís Náisiúnta Faisnéise agus Abhcóideachta neamhspleách um Mheabhairshláinte don Óige agus ról do scoileanna maidir le sláinte agus folláine mheabhrach a chothú agus le tacú le daoine óga a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu. Aontaímid leis an Tascfhórsa faoin ngá atá le cur chuige comhordaithe maidir le soláthar cúram meabhairshláinte do dhaoine óga agus faoin tábhacht a bhaineann le bearta atá dírithe ar luath-idirghabháil, bealaí atreoraithe soiléire agus rochtain tráthúil ar thacaíochtaí do dhaoine óga. Luaitear sa tuarascáil féin go bhfuil “an tréimhse idir 16 agus 25 bliain d’aois aitheanta mar am nuair a theipeann ar a lán daoine óga teacht ar sheirbhísí agus tacaíochtaí cuí ar bhealach tráthúil” agus ina dhiaidh sin tugtar moladh: “Ba chóir go ndéanfadh Pathfinder measúnú mionsonraithe ar na seirbhísí agus ar na tacaíochtaí atá ar fáil faoi láthair maidir le meabhairshláinte na ndaoine óga, chun bearnaí sa soláthar seirbhíse a aithint agus chun iniúchadh a dhéanamh ar na feabhsúcháin a d’fhéadfaí a bhaint amach trí chomhordú níos fearr.”

Sa tuarascáil leagtar amach gur “próiseas inmheánach é an tionscadal Pathfinder atá deartha chun comhoibriú a dhéanamh go héifeachtach ar fud na ranna maidir leis an tsaincheist a bhfuil bainteach le níos mó ná roinn amháin, ie meabhairshláinte na ndaoine óga. Roghnaigh an Rialtas an téama seo mar cheann dá thrí thionscadal pathfinder ardphróifíle ag croilár a Phlean Athnuachana na Státseirbhíse (2014). Ba é ceann de na ceisteanna a bhí sa thionscadal Pathfinder um Mheabhairshláinte na nÓg ná iarracht a dhéanamh múnla nua oibre tras-rialtais a ionchorprú go héifeachtach ag baint úsáide as Alt 12 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997.

Tá sé ríthábhachtach go gcaítear le moltaí Choiste an tSeanaid agus le moltaí an Tascfhórsa mar chatalaíoch eile d’fheabhsuithe riachtanacha sa réimse seo. Táimid ag tnúth le rath an tionscadail Pathfinder seo ag feidhmiú mar bhonn cuiditheach le haghaidh gníomhartha pras agus le hathruithe nithiúla a sheachadadh ar mhaithe le meabhairshláinte na leanaí agus na ndaoine óga go léir.

19 Available at <http://health.gov.ie/wp-content/uploads/2017/12/YMHTF-Final-Report.pdf>

4.6 Taighde

Ceart na leanaí chun éisteacht a fháil a chur chun cinn trí mheáin shóisialta agus dhigiteacha

De réir alt 7 (3) d'Acht 2002 (arna leasú) agus ag teacht le cearn de thosaíochtaí straitéiseacha Oifig an Ombudsman do Leanaí don tréimhse 2016-2018, choimisiúnaíomar taighde faoi conas a fhéadfaí na meáin shóisialta agus dhigiteacha a shlógadh go cuí agus go héifeachtach chun ceart leanaí agus daoine óga éisteacht a fháil a chur chun cinn i gcomhthéacs na bpróiseas cinnteoireachta poiblí a dhéanann difear dóibh.

I rith 2017, rinne foireann taighde ag an Ionad um Thaighde Sóisialta agus Oideachais, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, taighde deisce chun scrúdú a dhéanamh ar:

- na deiseanna atá ann chun na meáin shóisialta agus dhigiteacha a shlógadh go cuí agus go héifeachtach chun ceart leanaí éisteacht a fháil a chur chun cinn
- na príomhbhacainní ar shlógadh na meán cumarsáide agus digiteacha chun na gcríoch sin agus conas is féidir na bacainní seo a shárú
- samplaí de dhea-chleachtais i gcás inar úsáideadh na meáin shóisialta agus dhigiteacha chun na gcríoch sin
- bloic thógála chun ligean do leanaí agus do dhaoine óga a gcuid tuairimí a chur in iúl agus go n-éistoidh lucht déanta polasaí poiblí agus soláthraithe seirbhíse ábhartha leo trí mheáin shóisialta agus dhigiteacha.

Tar éis tuarascáil a éiríonn as an taighde deisce seo a chríochnú, déanfaimid cinneadh ar cheart dul ar aghaidh le bunscóileanna leantach chun tuairimí na bpríomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear daoine óga, a fháil ar an ábhar seo i rith 2018.



4.7. Rannpháirtíocht le Líonraí Idirnáisiúnta

Líonra Eorpach na nOmbudsman do Leanaí

Tá comhoibriú le hOmbudsmain do Leanaí i stáit eile ar cheann de na feidhmeanna atá ag an Ombudsman do Leanaí de réir Acht 2002. Le linn 2017 leanamar orainn lenár rannpháirtíocht ghníomhach le Líonra Eorpach na nOmbudsman do Leanaí (ENOC). Tá an líonra seo comhdhéanta 33 Ombudsman agus Coimisinéir do Leanaí i 42 tír ar fud na hEorpa. I gceist lenár rannpháirtíocht bhí freagairt d'iarrais faisnéise ó bhaill ENOC, rud a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fhorbairt beartais agus reachtaíochta ar fud na hEorpa. Chomh maith leis sin, d'oibrigh an Ombudsman do Leanaí ar bhonn leanúnach ag comhlíonadh a shainorduithe mar bhall Biúró den ENOC, grúpa de chúigear duine a reáchtálann an líonra.

D'fhreastail an tOmbudsman do Leanaí i rith na bliana ar raon cruinnithe san Eoraip, lena n-áirítear Stócólm i mí Aibreáin, áit a raibh páirt aige sa Chomhdháil ENOC dar teideal Ensuring a Rights Perspective for Children in Migration' 'Peirspictíocht Chearta a Dhearbhú do Leanaí Imirceacha'. D'fhreastail sé ar chúrsa oiliúna arna reáchtáil ag Comhairle na hEorpa i Strasbourg freisin ar an téama 'Monitoring places where children are deprived of their liberty as a result of immigration procedures' 'Monatóireacht a dhéanamh ar áiteanna ina mbaintear a saoirse do leanaí mar thoradh ar nósanna imeachta inimirce'.

Toghadh an tOmbudsman do Leanaí freisin, ag Tionól Ginearálta ENOC i mí Mheán Fómhair, chuig post Rúnaí an Bhiúró.

D'fhreastail Stiúrthóir na nImscrúduithe Oifig an Ombudsman do Leanaí ar chruinniú réigiúnach ENOC san Aithin maidir le 'Safeguarding And Protecting The Rights Of Children On The Move: The Challenge Of Social Inclusion' 'Cosaint a thabhairt do Chearta na Leanaí a Bhíonn ag Bogadh: An Dúshlán de Chuimsiú Sóisialta '. D'fhreastail Marta Santos Pais air seo, tá sí mar Ionadaí Speisialta d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir le Foréigean in aghaidh na Leanaí, agus d'fhreastail Ombudsman do Leanaí ó thíortha ar fud na hEorpa air.

Ba iad príomhchuspóirí an chruinnithe ná:

- athbhreithniú a dhéanamh ar stádas na mbeart agus ar an dul chun cinn a rinneadh chun cearta na Leanaí a bhíonn ag Bogadh a chosaint agus a chur chun cinn i gcomhréir le gealltanais na mBallstát ar leibhéal náisiúnta
- dea-chleachtais a phlé agus a roinnt maidir le cuimsiú sóisialta do leanaí a bhíonn ag bogadh, d'fhonn abhcóideacht agus gníomhartha a chur ar an eolas
- dea-chleachtais a roinnt ar bhearta d'Ombudspersons (Údaráis Neamhspleácha um Chearta an Duine agus Cearta Leanaí) chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm chearta leanaí a bhíonn ag bogadh

- o teacht ar chomhaontú ar réimsí tosaíochta le haghaidh gníomhaíochta agus ar shraith mholtaí gaolmhar maidir le cosaint agus cuimsiú sóisialta de leanaí a bhíonn ag bogadh

Líonra Ombudsman agus Coimisinéirí do Leanáí na Breataine agus na hÉireann

Leanamar orainn freisin lenár rannpháirtíocht le Líonra Ombudsman agus Coimisinéirí do Leanáí na Breataine agus na hÉireann (BINOCC) trí fhreastal ar chruinnithe i nDún Éideann agus i Londain araon. Ba tríd an BINOCC ar bunaíodh an coincheap maidir le cur chuige comhpháirteach don tionscadal Breatimeachta idir Oifig an Ombudsman do Leanáí agus Coimisinéir Thuaisceart Éireann do Leanáí agus Daoine Óga atá leagtha amach sa tuarascáil seo.





OmbudsmanForChildren @OCO_ireland · 26 Sep 2017

Labhraímis faoi #ChildrenNowRightsNow 25 bliain tar éis gur dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh #YourOCO oco.ie/2017/09/oco-ce



OmbudsmanForChildren @OCO_ireland · 13 Nov 2017

D'fhreastail #YourOCO ar sheoladh chur i bhfeidhm tras-rannach na Straitéise Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Mhol Cinnteoireachta inniu le @DCYAPress @KZapponeTD.



Caibidil 5

Acmhainní & Cumarsáid

5.1. Financial Control

Leithdháiltear buiséad an Ombudsman do Leanaí tríd an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Ba é €2.36m. leithroinnt airgeadais Oifig an Ombudsman do Leanaí, méadú de € 200k ar 2016.

Mar atá leagtha síos in Ailt 17(1) agus (2) d'Acht an Ombudsman do Leanaí, 2002, tá an tOmbudsman do Leanaí freagrach as Ráitis Airgeadais a ullmhú agus as rialtacht idirbheart na hOifige a chinntiú.

San áireamh i measc na bhfreagrachtaí atá mar fhothaca ag na feidhmeanna seo tá údarú agus monatóireacht ar íocaíochtaí d'earraí agus do sheirbhísí, nósanna imeachta tairisceana, oibríocht párolla, agus bailiúchán tuairisceán míosúla.

Tá na Ráitis Airgeadais faoi réir a n-iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Déanfar iniúchadh ar na cuntais 2017 níos déanaí sa bhliain, is dócha go ndéanfar é seo i rith an tsamhraidh. Go ginearálta, ní bhíonn Ráitis Airgeadais do bhliain áirithe iniúchta nuair a fhoilsítear an tuarascáil bhliantúil ábhartha. Chomh luath agus a bhíonn sé faofa ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, foilsítear iad ar shuíomh gréasáin Oifig an Ombudsman do Leanaí chomh maith le cuntais bhliantúla na mblianta ar fad suas go dtí 2016 agus ar ár suíomh gréasáin²⁰.

Ba iad Cuntasóirí Cairte Crowleys DFK a sholáthraigh seirbhísí cuntasáíochta agus párolla ar fáil don Oifig le linn 2016.

Chuir Cuntasóirí Cairte ASM ár bhfeidhm iniúchta inmheánaigh ar fáil, agus rinne siad athbhreithniú ar rialuithe airgeadais agus iniúchadh luach ar airgead i 2017.

²⁰ Ar fáil ag www.oco.ie/library

5.2. Meáin agus Cumarsáid Oifig an Ombudsman do Leanaí

Faoi Alt 7 den Acht, tá dualgas ar Oifig an Ombudsman do Leanaí cearta agus leas leanaí a chur chun cinn; feasacht maidir le cearta leanaí a chur chun cinn agus feasacht a ardú ar obair Oifig an Ombudsman do Leanaí.

Meáin


Is príomhtháscaire den rath a bhí ag foireann Cumarsáide Oifig an Ombudsman do Leanaí chun feasacht a mhúscailt faoi obair na hOifige, a cuid tuairimí agus cearta na leanaí ná an cumhdach a fuair sí sna meáin. I 2017, tháinig méadú suntasach ar an gcumhdach d'Oifig an Ombudsman do Leanaí. Luadh an Oifig i 166 alt nuachtáin áitiúla, chomh maith le 120 alt náisiúnta. Tá sé seo sa bhreis ar tuilleadh tagairtí a rinneadh ar líne agus tagairtí sna meáin chraolta ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn áitiúil. Bhí píosaí tuairime leis an Ombudsman do Leanaí le feiceáil ar thejournal.ie, agus rinne an tOmbudsman, chomh maith le baill eile den fhoireann, ionadaíocht ar an Oifig ar roinnt clár náisiúnta raidió agus teilifíse.

Bhain an cumhdach ar Oifig an Ombudsman do Leanaí le saincheisteanna meabhairshláinte; tráchttaireacht ar oideachas agus an bhacainn bhaiste, an fógra i 2017 nach gcoimeádfar leanaí i bpríosúin aosaigh a thuilleadh, Soláthar Díreach agus an aois toilithe dhigiteach. Bhí clúdach suntasach ann freisin ar chúl foilseacháin Oifig an Ombudsman do Leanaí a bhain le scolóis, tithíocht agus iompar scoile. I mí Aibreáin 2017, thosaigh Oifig an Ombudsman do Leanaí ag glacadh le gearáin maidir le leanaí atá ina gcónaí i Soláthar Díreach. Mar thoradh air seo bhí go leor spéis ag na meáin air.




Twitter

Tá figiúirí bunaithe ar aimsiú an lucht féachana




Facebook

Tá figiúirí bunaithe ar aimsiú an lucht féachana



Website

Tá figiúirí bunaithe ar amhairc leathanaigh



Na meáin shóisialta

Díríodh tuilleadh infheistíochta ó thaobh ama agus maoinithe i dtreo na meán sóisialta i 2017. Bronnadh tairiscint ar Carr Communications chun tacaíocht meán sóisialta a sholáthar ó Eanáir go Lúnasa, agus i mí Mheán Fómhair tháinig oifigeach meán sóisialta isteach san fhoireann Chumarsáide. I mbeartas meán sóisialta Oifig an Ombudsman do Leanaí díritear ar fheasacht ar obair na hOifige a ardú agus cearta leanaí a chur chun cinn i measc na leanaí agus na ndaoine óga iad féin, agus freisin i measc tuismitheoirí, múinteoirí, gairmithe agus iad siúd a dhéanann cinntí a théann i bhfeidhm ar leanaí. In 2017 rinneamar níos mó iarrachta chun ár láithreacht Twitter a mhéadú, agus bunaíodh cuntais nua Facebook agus Instagram. Le linn na bliana, chonacthas fás suntasach sa réimse seo. Ó Mheán Fómhair ar aghaidh, chuireamar dlús faoin táirgeadh d'ábhar orgánach dár n-ardáin, rud a bhí mar chúis le méadú ar thrácht i ngach réimse.

Foilseacháin

In 2017, d'fhoilsigh Oifig an Ombudsman do Leanaí oinnt tuarascálacha lena n-áirítear *'Waiting for Scoliosis Treatment: A Children's Rights Issue; (Ag Feitheamh ar Chóireáil Scolóise: Saincheist um Chearta Leanaí)* an Tuarascáil Bhliantúil 2016, imscrúdú ar thithíocht dar teideal: *Children homeless for two years after suffering domestic abuse (Leanaí gan dídean ar feadh dhá bhliain tar éis drochíde sa teaghlach a fhulaingt)*, agus *Béim ar Iompar Scoile (School Transport in Focus)* ina raibh bailiúchán gearán ann maidir leis an tsaincheist seo. Bhí rannpháirtíocht shuntasach ón bhfoireann cumarsáide ag teastáil le haghaidh na bhfoilseachán uile d'Oifig an Ombudsman do Leanaí idir an chéim eagarthóireachta agus deartha agus iad a phoiblíú sna meáin go léir. Mar thoradh ar na saincheisteanna a d'eascair trí na foilseacháin éagsúla seo bhí clúdach suntasach sna meáin agus i go leor cásanna tháinig méadú ar theagmhálacha chuig an Oifig faoi ghearáin fhéideartha.



Imeachtaí

I 2016, rinneadh cinneadh chun feasacht faoi Oifig an Ombudsman do Leanaí a ardú i measc leanaí agus daoine óga tríd fhaisnéis a thaispeánadh agus a sholáthar ag roinnt imeachtaí tábhachtacha. Rinneadh tuilleadh forbartha ar an tionscnamh for-rochtana seo i 2017 agus bhí an fhoireann Cumarsáide i gceannas air. Thug foireann Oifig an Ombudsman do Leanaí taispeántas ag an Comhdháil Rothaíochta na Mac Léinn Ceannairí i gcoinne Féinmharaithe inar fhreastail 4,000 scoláire air, agus ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta nuair a bhuaileamar le 1,000 leanbh agus duine óg ar a laghad, chomh maith le go leor daoine fásta eile a bhí ag lorg eolais ar chearta leanaí. D'fhreastalaíomar ar Chruinniú Mullaigh na Scoile ina ndearnamar idirghníomhú le thart ar 600 mac léinn, agus Zeminar inar fhreastail 16,000 duine óg air. D'éirigh go hiontach le feasacht ar Oifig an Ombudsman do Leanaí ar ardú le linn na n-imeachtaí seo.



Ag láithriú os comhair an Oireachtais

Is an tOireachtas a cheapann an tOmbudsman do Leanaí go díreach agus, dá bhrí sin, tugtar cuireadh dó roimh choistí éagsúla chun tuairimí Oifig an Ombudsman do Leanaí a chur i láthair nó chun comhairle a thabhairt. I 2017, bhí tháinig Oifig an Ombudsman do Leanaí os comhair an Oireachtais trí huaire. Tugadh cuireadh dúinn teacht os comhair Choiste Oireachtais um Leanaí agus Gnóthaí Óige dhá uair; bhain an chéad leis an reachtaíocht atá beartaithe ar Ombudsman Oideachais agus bhain an dara ceann leis an mBille Oideachais (Cairt Tuismitheoirí agus Scoláirí) 2016 Ar an dara huair, tháingamar os comhair an Oireachtais i ndáil le Scéim Ghinearálta an Bhille um Chúram Leanaí (Leasú) 2017 a dhéileálann le caomhnóirí ad litem. Ina theannta sin, tháinig Oifig an Ombudsman do Leanaí os comhair Choiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid maidir le seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus do dhaoine óga. Thug an fhoireann Chumarsáide tacaíocht do na háarthactaí seo maidir le ráitis oscailte a ullmhú agus i bhfiosruithe leantacha sna meáin.

Lá na Leanaí Uile

I 2017 tháinig raon d'eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí a bhíonn ag obair in earnáil na leanaí le chéile chun Lá na Leanaí Uile a cheiliúradh. Áiríodh sa ghrúpa seo an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, Barnardos, Comhaontas um Chearta Leanaí, Care Leaver's Network, Tusla, Focus Ireland, Seirbhísí Meabhairshláinte Naomh Pádraig, INTO agus an Ark. Le chéile, rinne an grúpa seo comhordú den chur chun cinn de Lá na Leanaí Uile mar lá chun ceiliúradh a dhéanamh ar an leanbh agus chun éisteacht le guthanna na ndaoine óga. Mar thoradh air sin, bhí níos mó cumhdaigh ar an lá agus déanfar tuilleadh forbartha ar an tionscnamh le linn 2018.

Mar chuid de cheiliúradh Lá na Leanaí Uile, d'eagraigh Oifig an Ombudsman do Leanaí imeacht i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath le Cór Náisiúnta na Leanaí agus an Banna Ceoil Óige Ma Samba. Reáchtáladh an ócáid seo roimh Lá na Leanaí Uile; bhí sé i gceist feasacht ar an lá a ardú. D'fhreastail thart ar 200 duine air agus d'éirigh go hiontach leis agus léiríonn sé go leor féidearthachtaí le haghaidh na bliana 2018.

Ghlac an Oifig an Ombudsman do Leanaí páirt i 'lá táthcheangail' freisin ar Lá na Leanaí Uile, nuair a bhí ball de Empowering Young People in Care (Dhaoine Óga faoi Chúram a Chumasú) (EPIC), mar scáth de Niall an tOmbudsman do Leanaí, ar feadh lae. Ar bhealach bríomhar, tugadh an deis don duine óg foghlaim faoi na cineálacha saincheisteanna a thagann suas d'Oifig an Ombudsman do Leanaí go laethúil agus a thuairimí a chur ar fáil. Thugamar tacaíocht do Cheann Polasaí Sábháilteachta Facebook chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh seo trína nascadh le roinnt daoine óga. Arís, is clár é seo a d'fhéadfadh tuilleadh forbartha a dhéanamh air chun níos mó eagraíochtaí a chur san áireamh sa todhchaí, agus dá bhrí sin tabharfaidh sé guthanna na ndaoine óga go poist chumhachta.

CNAACL 25

Chomh maith leis an obair Cumarsáide leanúnach a bhíonn ar siúl in Oifig an Ombudsman do Leanaí, rinneadh cinneadh in 2017 chun ceiliúradh a dhéanamh ar an 25 ú Comóradh de dhaingniú na hÉireann de Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh (CNAACL) le clár imeachtaí le linn na bliana uile.

Ba dheis í an chloch mhíle suntasach seo feasacht a mhúscailt maidir le cearta leanaí in Éirinn sa lá atá inniu ann, agus ar an CNAACL é féin, ar bhealaí idirghníomhacha agus nuálacha. Thug Oifig an Ombudsman do Leanaí Grúpa Comhairleach Óige le chéile chun cabhrú leis an gClár Comórtha agus le seoladh na n-imeachtaí a phleanáil, ag tabhairt cuireadh do ionadaithe ó Chlár Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána, Comhairle na nÓg, Gaisce, YouthBank, Migrant Access Project, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, an Chomhairle um Inimircigh in Éirinn agus CLG na nÓg. Dearadh an clár imeachtaí ionas go mbeadh na himeachtaí ar siúl ó 2017 go 2018. I measc na ngníomhaíochtaí a tharla i 2017 bhí:

- **Imeacht Shuaitheanta:** Seoladh an bhliain go hoifigiúil le hócáid i bPáirc an Chrócaigh an 28 Meán Fómhair, mar chomóradh ar dhaingniú na hÉireann den CNAACL. D'fhreastail breis is 250 leanbh agus duine óga ó cheithre chúige na hÉireann ar an ócáide 'Féile na gCeart', chomh maith le beagnach 50 lucht déanta polasaí agus aosach a oibríonn le, nó a dhéanann cinntí a théann i bhfeidhm ar dhaoine óga. Ag an ócáid rinneamar iniúchadh ar roinnt príomh-shaincheistanna a bhaineann le daoine óga, lena n-áirítear meabhairshláinte, saoránacht dhigiteach agus feasacht, agus raon de shaincheistanna sóisialta lena n-áirítear easpa dídine. Trí cheardlanna agus gníomhaíochtaí idirghníomhacha, agus le tacaíocht ó roinnt cainteoirí spreagthacha, roinn na daoine óga a gcuid tuairimí maidir le 'cearta i ndáiríre'. Déanfaidh Oifig an Ombudsman do Leanaí na tuairimí a chuir na daoine óga in iúl ag an ócáid seo a chomhtháthú agus cuirfidh sí iad ar fáil do lucht déanta polasaí i 2018.
- **An físeán Promise:** Chun ár n-imeacht i mí Mheán Fómhair a chur chun cinn agus eolas a thabhairt fúithi, choimisiúnaíomar físeán ar thionchar chearta leanaí in Éirinn. Is ó obair ár ngrúpa comhairliúcháin a bhfuarthas an eolas don fhíseán seo, dar teideal The Promise, chun an gealltanas a rinneadh chun cearta na leanaí a chosaint agus a chur chun cinn nuair a dhaingníodh an CNAACL a léiriú. Spreag scéalta na ndaoine óga an físeán agus bhí an chuid is mó den ghrúpa le feiceáil san fhíseán.



- **Pacáiste Acmhainne don 25ú Comóradh:** Leathnaíodh cuireadh náisiúnta chun páirt a ghlacadh sa cheiliúradh agus dhear agus scaip Oifig an Ombudsman do Leanaí pacáiste acmhainne d'eagraíochtaí tras-earnála. Bhí faisnéis faoin CNAACL san áireamh sa phacáiste, chomh maith le moltaí maidir le gníomhaíochtaí, agus spreagadh eagraíochtaí poiblí, scoileanna, grúpaí agus daoine aonair cearta na leanaí a cheiliúradh ar a mbealach féin. Reáchtáil go leor eagraíochtaí seimineáir, ceardlanna nó tionscnaimh eile, lena n-áirítear Comhairle na nÓg, Oiliúint Múinteoirí Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Fibín, Ionad Fáiltithe Baleskin do lucht iarrtha tearmainn, an Leabharlann Náisiúnta, líonraí na nOifigeach Ealaíon, Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga Chill Mhantáin, agus Institiúid Scannán na hÉireann (IFI).
- **Acmhainní Oideachais Nua Ar Líne:** San áireamh chomh maith sa chlár imeachtaí, bhí forbairt agus píolótú de raon nua d'acmhainní oideachais ar líne i gcomhar le heagraíochtaí comhpháirtíochta mar oidhreacht bhuan den 25ú Chlár.

Féach ar Chaibidil 4.2 freisin. Clár Oideachais agus Feasachta um Chearta le haghaidh tionscnaimh oideachais eile ar líne de chuid Oifig an Ombudsman do Leanaí.

Comhpháirtíochtaí

I 2017, mar chuid den bhliain Comórtha, d'oibrigh Oifig an Ombudsman do Leanaí le raon leathan d'eagraíochtaí maidir le tionscnaimh feasachta ar chearta, lena n-áirítear Fibín, The Ark, Sport Ireland, CLG, Cumann Rugbaí na hÉireann, Barnardos, Foróige, Spun Out, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, UNICEF, Focus Ireland, RIAM, agus Tusla, i measc eagraíochtaí eile.

- **Ceartha ina Súile:** Thugamar cuireadh do bhuaiteoirí Comórtas Ealaíne Leanaí Texaco 2017 chun píosa ealaíne a chruthú leis an inspioráid ag teacht ó cheart san CNAACL. Taispeánadh na píosaí seo san Acadamh Ibeirneach Ríoga i Meán Fómhair 2017. Leanfaidh an taispeántas ar aghaidh lena turas i 2018 go Ospidéal Leanaí Shráid an Teampaill, Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn agus Ospidéal Náisiúnta na Leanaí, Tamhlacht.
- **Ceartha Leanaí, Scríbhneoireacht Leanaí.** I gcomhar le Fighting Words, thugamar cuireadh do 25 scríbhneoir óga freagra a thabhairt ar CNAACL trí mhachnamh a dhéanamh ar a gcearta sa saol laethúil. Foilsíodh na scéalta, dánta agus rannchuidiú mar fhorlónadh san Irish Times ar an 20 Samhain ar an lá céanna agus Lá na Leanaí Uile.




- **Cathair Spraíúil:** Le linn mhí na Nollag, bhí an tsráid-ealain, spreagtha ag cearta leanaí agus déanta ag cuid de na príomh-ealaíontóirí in Éirinn, ar taispeáint ag roinnt áiteanna tábhachtacha timpeall Chathair Bhaile Átha Cliath i gcomhar le tionscnamh ‘Cathair Spraíúil’. Chuir an tionscadal seo béim ar luach spraoi do leanaí agus bhí baint dhíreach aige leis an gceart chun spraoi.
- **Bí Fuinniúil faoi Chearta:** Sheolamar comórtas líníochta náisiúnta i mí na Samhna 2017 i gcomhar le tionscal beochana na hÉireann. Tugadh cuireadh do leanaí agus do dhaoine óga íomhá a chruthú de na cearta a bhfuil an chiall is mó ag baint leo dóibh. I 2018, beidh deis acu iad a fheiceáil go beo ar an scáileán agus is iad na beochantóirí is fearr in Éirinn a chuirfidh iad le chéile.
- **Féile Scannán Fresh:** Thosaigh Oifig an Ombudsman do Leanaí ag comhoibriú leis an bhFéile Scannán Fresh ar a gclár Hothouse do lucht déanta scannán óga i mí na Samhna 2017. Le linn na bliana chomórtha, cruthófar agus tabharfar tacaíocht do 16 scannán nua, bunaithe ar chearta, agus cuirfear iad i láthair den chéad uair i mí Mheán Fómhair 2018.
- **Músaem na gCearta:** I gcomhar le hArd-Mhúsaem na hÉireann agus Collapsing Horse Theatre, rinneamar tionscadal píolótach le Coláiste Pobail Larkin i mBaile Átha Cliath ag iarraidh ar dhaoine óga rudaí a roghnú agus a coimeád chun cearta a léiriú. Beidh acmhainn Mhúsaem na gCearta le haghaidh oideachasóirí ar fáil ar líne faoi Mheán Fómhair 2018, agus tabharfaidh sé cuireadh do dhaltáí an Teastais Shóisearaigh iniúchadh a dhéanamh ar an UNCRC, rudaí a roghnú agus a coimeád a léiríonn cearta d’fhonn iad a chur ar taispeáint. Músaem aníos ina scoil féin nó sa phobal áitiúil.
- **Gníomhaigh do Chearta:** I gcomhar le hAmharclann na Mainistreach, chuir Oifig an Ombudsman do Leanaí acmhainn nua buan ar líne ar bhonn píolótach chun cabhrú le múinteoirí tús a chur le comhrá ar chearta le daltaí i ranganna 4-6. Sheolamar comórtas drámaíochta náisiúnta ag tabhairt cuireadh do scoláirí drámaíocht ghearr a chruthú agus beidh deis acu a bheith ar stáitse i Amharclann na Mainistreach i 2018.



Suíomh Gréasáin Oifig an Ombudsman do Leanaí

Bronnadh tairiscint chun láithreán gréasáin Oifig an Ombudsman do Leanaí a athdhearadh in 2017. Tá suíomh gréasáin inrochtana i mBéarla simplí, a fhéadtar breathnú air le fón móibileach á fhorbairt faoi láthair lena gcuirfear eolas ar fáil faoinár bhfeidhm gearáin, chomh maith le faisnéis faoi chearta leanaí, acmhainní do mhúinteoirí agus i bhfad níos mó. Seolfar suíomh gréasáin nua Oifig an Ombudsman do Leanaí go luath i 2018. Beidh an suíomh gréasáin seo ag teacht lenár n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.



Athbhrandáil

Rinneadh obair i 2016 chun tús a chur le próiseas athbhrandála d'Oifig an Ombudsman do Leanaí. Cuireadh é seo i gcrích go luath i 2017 agus bhí sé mar chúis le táirgeadh de chomharthaí nua agus ábhar faisnéise d'Oifig an Ombudsman do Leanaí Tá an bhrandáil uile ag teacht lenár n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Scéim na Gaeilge

In 2017, sheol Oifig an Ombudsman do Leanaí a chéad Scéim Ghaeilge. Cé go bhfuil faisnéis i nGaeilge ag soláthar ag an Oifig le tamall anuas, ní raibh scéim oifigiúil i bhfeidhm. Mar thoradh air sin, chonacthas méadú ar aschur i nGaeilge i 2017, athrú ar chomharthaí agus ar bhrandáil, chomh maith le pleananna chun láithreán gréasáin Oifig an Ombudsman do Leanaí a oiriúnú.

Seirbhísí aistriúcháin

Bronnadh tairiscint in 2017 chun tacú le foireann Oifig an Ombudsman do Leanaí an pobal a fhreagairt agus a fháil i roinnt teangacha. Ós rud é gur thosaigh Oifig an Ombudsman do Leanaí ag glacadh le gearáin thar ceann leanaí sa Soláthar Díreach, tháinig méadú ar chomhfhreagras i dteangacha seachas an Béarla agus an Ghaeilge. D'fhreagair muid tríd acmhainní a chur ar fáil don fhoireann chun lígean dóibh idirghníomhú leis an bpobal sa teanga ar fearr leo. D'aistríomar cuid dár n-ábhar faisnéise agus foirmeacha gearán isteach i roinnt de na teangacha a iarrtar orthu, mar shampla Polainnis, Araibis, Urdais, Dairis agus Beangáilis.

5.3. Acmhainní Daonna

In 2017, d'eisigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ceadúnas earcaíochta d'Oifig an Ombudsman do Leanaí. Ligeann sé seo dúinn na daoine is fearr a aimsiú agus a earcú do na rólanna speisialaithe san Oifig.

Sa dara leath de 2017, bhí Oifig an Ombudsman do Leanaí ina comhpháirtí le Sigmar Recruitment, tar éis próisis tairisceana iomlán, ar fheachtas earcaíochta chun foireann iomlán a sholáthar don Oifig. Bhí ochtar ball foirne buan nua á lorg againn - triúir Phríomhoide Cúnta, agus cúigear Oifigeach Feidhmiúcháin.

Tharla roinnt athruithe suntasacha foirne go luath i 2017. Ceapadh Ceann Polasaí nua agus Oifigeach Polasaí breise, agus thosaigh Oifigeach Meáin Shóisialta nua i mí Mheán Fómhair, díreach in am dár n-imeacht UNCRC25.

Le linn 2017, bhí 14 ball foirne lánaimseartha againn. Lenár dtiomáint earcaíochta ag teacht chun deiridh, ba cheart go méadóidh an líon seo go 22 ball foirne lánaimseartha i 2018.

5.4. Teach na Mílaoise - úsáid an áitribh

Chomh maith le ceardlanna oideachais um chearta daonna a reáchtáil do ghrúpaí leanaí agus daoine óga ar bhí ar cuairt, lean Oifig an Ombudsman do Leanaí lena chlár comhionann do mhic léinn iarchéime. Leanann Oifig an Ombudsman do Leanaí ar aghaidh ag cur áiseanna Teach na Mílaoise ar fáil mar ionad d'imeachtaí cuí dírithe ar chearta agus ar leas leanaí agus daoine óga. Áirítear sna háiseanna seo spás oscailte do ghrúpa móra, chomh maith le seomra pictiúrlainne Tríd úsáid a bhaint as ár spás le haghaidh na n-imeachtaí seo lígtar dúinn caidrimh a chruthú agus a chothabháil le grúpaí éagsúla atá dírithe ar an aos óg, agus tá sé tairbheach chun próifíl na hOifige a neartú.

5.5. Forbhreathnú ar úsáid fuinnimh i 2016

I mí na Nollag 2009, thug an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha éifeacht do Threoir 2006/32/EC de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 5 Aibreán 2006 agus rinne sé 'Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtacht Críoch-úsáide Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh 2009 (I.R. 542 de 2009)'. Leis na Rialacháin seo éilítear ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí tuairisc bhliantúil a thabhairt ó mhí Eanáir 2011 ar a n-úsáid fuinnimh agus ar ghníomhaíochtaí atá glactha acu chun tomhaltas fuinnimh a laghdú.

In 2017, d'úsáid Oifig an Ombudsman do Leanaí 79.112 MWh leictreachas, i gcomparáid le 78.706 MWh i 2016. Déantar monatóireacht ar úsáid fuinnimh ar bhonn leanúnach. Leanann Oifig an Ombudsman do Leanaí ar aghaidh le córas cuimsitheach inmheánach athchúrsála a fheidhmiú.

Cé gur tháinig méadú beag ar na figiúirí fuinnimh de réir a chéile ó bhliain go bliain, bhí an Oifig páirteach i bhfeachtas Optimizing Power @ Work de chuid an OOP, agus tá sé ag lorg bealaí chun úsáid chumhachta a laghdú, lena n-áirítear soilse a chur in ionad múnlaí níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh, agus ríomhairí na hoifige a athsholáthar le ríomhairí níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh.

Right
to be
yourself.

A right to be
proud of ur sexuality
#Queer and proud
#Bisexual Right to d
X

up helps
el

